

## Lámhleabhar Téarmeolaíochta

*Forbairt agus bunphrionsabail na téarmeolaíochta sa Ghaeilge*

2010

An Coiste Téarmaíochta

*Fógra cóipchirt*

Is cáipéis de chuid an Choiste Téarmaíochta an lámhleabhar seo agus tá an t-ábhar ann faoi chóipcheart ag Foras na Gaeilge. Féadfaidh daoine leas a bhaint as an doiciméad le haghaidh obair théarmeolaíochta, ach ní fhéadfaidh siad é ná aon chuid de a chóipeáil ná a stóráil ar chúis ar bith eile agus ní fhéadfaidh duine ar bith aon chuid den ábhar seo a fhoilsiú gan cead scríofa ón gCoiste Téarmaíochta.

Ba chóir comhfhereagras a chur chuig:

An Coiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge

27 Sráid Fhreidric Thuaidh,

Baile Átha Cliath 1.

[tearmai@forasnagaeilge.ie](mailto:tearmai@forasnagaeilge.ie)

Réamhrá .....	5
1 Réimeanna teanga.....	6
1.1 Teanga sainfheidhme .....	6
2 Obair na téarmaíochta .....	6
2.1 Foinsí téarmaí nua i gcoitinne.....	7
2.2 Cás na Gaeilge.....	7
2.2.1 Caighdeánú agus comhoiriúnú téarmaíochta .....	8
2.2.2 Roghnú téarmaí.....	8
3 Ceapadh na téarmaíochta .....	8
3.1 Machnamh ar an gcoincheap .....	8
3.2 Céimeanna tosaigh.....	8
3.3 Critéir maidir le ceapadh téarmaí.....	9
4 Spléachadh ar an stair .....	10
4.1 Gaol sinsearachta .....	10
4.2 Iasachtaí .....	10
4.2.1 Iasachtaí agus an Ghaeilge .....	1
4.2.1.1 Iasachtaí ón Laidin nó ón nGréigis tríd an Laidin .....	1
4.2.3 Cineál na n-iasachtaí.....	3
4.2.4 Iasachtaí ón loruais.....	
4.2.5 Iasachtaí ón bhFraincis .....	3
4.2.6 Iasachtaí ó theangacha eile .....	
4.2.7 Iasachtaí ón mBéarla .....	15
4.2.8 Contanam thionchar an Bhéarla .....	5
5 Cruth na n-iasachtaí .....	6
5.1 Cruthú iasachtaí sa Ghaeilge .....	16
6 Céimeanna maidir le hiasachtaí san aibítir Rómhánacha a Ghaelú .....	17
6.1 Ainmneacha dílse .....	7
6.1.1 Ainmneacha daoine.....	17
6.1.2 Logainmneacha iasachta .....	
6.1.3 Ainmneacha gluaiseachtaí.....	
6.1.4 Ainmneacha eagraíochtaí agus cuideachtaí .....	8
6.1.5 Teidil .....	19
6.1.6 Acrainmneacha.....	19
6.2 Téarmaí .....	19
6.2.1 Téarmaí teicniúla a bhaineann le ceirdeanna nó réimsí dúchais .....	19
6.2.2 Téarmaí teicniúla nár pléadh leo go stairiúil sa Ghaeilge.....	19
6.2.3 Cineálacha cur chuige.....	20
7 Rialacha traslitrithe .....	22
7.1 Míreanna an fhocail iasachta .....	22
7.2 Na consain .....	
7.2.1 Cáilíocht na gconsan .....	
7.2.2 Comhfhereagairt na gconsan .....	
7.3 Na gutaí .....	
7.3.1 Fad na ngutaí .....	
7.3.2 Cáilíocht na ngutaí .....	
7.3.3 Comhfhereagairt na ngutaí .....	

7.4	Deirí .....	.....
7.5	Comhcheangal na míreanna.....	.....26
7.5.1	An dara mír ag tosú ar ghuta.....	.....26
7.5.2	An mhír dheiridh ag tosú ar chonsan .....	.....26
7.6	Traslitriú agus an séimhiú.....	.....26
7.7	Fleiscíniú .....	.....
	Deirí caola.....	.....28
	Deirí leathana.....	.....30

## Réamhrá

Déantar cur síos sa lámhleabhar seo ar fhorbairt na téarmaíochta sa Ghaeilge agus ar na prionsabail a úsáidtear agus téarmaí nua á gceapadh. Ní féidir teanga a thabhairt faoi rial mar is rud beo orgánach í, ach is féidir patrúin a aithint agus na patrúin sin a chur chun tairbhe phobal na teanga agus é ag dul i ngleic le coincheapa nua. Bíodh is go mbíonn obair théarmeolaíochta de chineál éigin ar bun i ngach uile theanga, ní hionann na dálaí in aon dá theanga, agus ní hionann na riachtanais ná na modhanna oibre dá réir. Baineann dúshláin bhereise leis an réimse seo teanga i gcás mionteanga, agus ní hionann na cineálacha dúshláin ó mhionteanga go chéile.

I dtaoibh na Gaeilge, mar shampla, níl mais chríticiúil ag roinnt le pobal a labhartha sa mhéid is go bhfuil sciar den phobal sin lonnaithe i gceantair Ghaeltachta atá scoite óna chéile, atá ag crapadh in aghaidh an lae, agus atá faoi bhrú ag an mBéalra ón taobh istigh agus ón taobh amuigh (ag na meáin chumarsáide, cuairteoirí gan Ghaeilge, baill teaghlaigh agus gaolta gan Ghaeilge, comharsain gan Ghaeilge, seirbhísí poiblí i mBéalra, cúrsaí oiliúna i mBéalra). Ar an ábhar sin, is deacair a aithint go minic céard é an téarma is mó atá sa rith ag an bpobal ar choinchéap nua-aimseartha nó teicniúil. Ní fheictear an Ghaeilge mar ghnáthmheán cumarsáide scríofa sách minic, sa chaoi nach ndaingnítear téarmaí nua nó teicniúla in intinn daoine. Fágann sin éiginnteacht agus easpa iontaoibhe in intinn cainteoirí.

De bhrí go mbaineann téarmeolaíocht agus foclóireacht araon le focail, is minic a shamhlaítear mar aon réimse amháin iad agus, go deimhin, ní hannahm cuid de na daoine céanna a bheith bainteach leis an dá cheird agus is amhlaidh a bhí i gcás na Gaeilge.

Ceannródaí mór i réimse na téarmaíochta Gaeilge go luath san fhiciú haois ba ea Liam S. Gógan, fear a thuig an tábhacht a bhain le stádas na teanga a fhorbairt tríd an réimse seo a shaothrú, agus a thuig chomh maith an tábhacht a bhaineann le stór téarmaí a bhailiú ón teanga bheo fad agus is ann dóibh. Sa bhliain 1917, chrom sé ar fheachtas chun téarmaí dúchasacha i réimsí na haitireachta, na tógála agus i réimsí gaolmhara a bhailiú trí litreacha a scríobh go dtí *An Claidheamh Solais* inar iarr sé ar léitheoirí liostaí téarmaí a chur chuige. Ón mbliain 1920 anonn go 1947, bhíodh liostaí téarmaí i réimsí éagsúla á bhfoilsíú go rialta aige i nuachtán éagsúla. Sa bhliain 1923, chuaigh sé ag obair mar phríomhchúntóir ag an Athair Pádraig Ó Dhuinnín ar an dara eagrán dá mhórshaothar *Foclóir Gaedhilge-Béarla* a foilsíodh i 1927. Sa bhliain 1950, thosaigh sé ag obair ar eagrán nua d'fhoclóir Uí Dhuinnín, saothar ar lean sé de go deireadh a shaoil agus atá ar fáil ar líneanois ag <http://www.gogan.ie/browse.php>.

D'fhág an chéad fhoclóirí mór eile i saol na Gaeilge comaoi nach beag ar réimse na téarmeolaíochta chomh maith. Ba é sin an tOllamh Tomás de Bhaldraithe, foclóirí, focleolaí agus canúineolaí. Thosaigh seisean ag obair ar a fhoclóir Béarla-Gaeilge i 1945, an bhliain chéanna inar foilsíodh an chéad eagrán de *Litriú na Gaeilge: an Caighdeán Oifigiúil*. Mar sin, bhí foclóir de Bhaldraithe ar an gcéad fhoclóir a foilsíodh sa litriú caighdeánach. Mar chuid den obair ar an bhfoclóir, bunaíodh coiste chun cúram a dhéanamh den soláthar téarmaíochta a bhí le cuimisiú ann. Bhí an coiste ag obair ar bhailiúchán téarmaí a bhain le ceirdeanna dúchasacha, bailiúchán a tiomsaíodh de bhun tionscnamh de chuid na cigireachta sa Roinn Oideachais inar scríobhadh chuig múinteoirí i gceantair Ghaeltachta ag iarraidh orthu liostaí téarmaí a bhailiú agus a chur ar ais chuig an Roinn. Thairis sin, bhí soláthar téarmaí teicniúla agus eolaíochta le cuimisiú, téarmaí nach raibh le fáil sa teanga bheo. Bhí na réimsí seo á saothrú sa Roinn Oideachais ó 1927 nuair a bunaíodh an chéad choiste chun téarmaí eolaíochta a sholáthar don chóras meánscolaíochta. Is ar na hábhair ba theicniúla a díríodh i dtosach: eolaíocht, matamaitic, bitheolaíocht, tíreolaíocht, agus sna luattheagráin de na foclóirí seo, ba é an claoíad a bhí ann ná cloí le focail agus míreanna dúchais seachas iasachtaí a cheadú, ach bhí maolú ag teacht ar an claoíad faoi lár na haoise seo caite. Dá réir sin, bhí córas chun litriú na

n-iasachtaí le beachtú, go háirithe i gcás ainmníocht fhoirmeálta na n-eolaíochtaí. D’fhéach Tomás de Bhaldraithe le hortagrafaíocht na Gaeilge a chur i bhfeidhm ar fhuaiméanna na bhfocal iasachta, agus d’fhorbair sé córas traslitrithe i gcomhar le comhairleoirí sna sainréimsí eolais, agus cuireadh i bhfeidhm é san fooclóir. Tagraíonn sé sa réamhrá leis an bhfoclóir don iliomad leagan a fuair sé den réimír Ghréigise *hydro-*, mar shampla, agus luann sé ocht leagan déag Gaeilge don téarma Béarla (bunaithe ar mhíreanna Gréigise) *telescope*. Míníonn sé ansin gur fhéach sé le téarma amháin Gaeilge a roghnú do gach téarma Béarla i gcásanna mar seo.<sup>1</sup>

Go luath tar éis fhoilsiú *English-Irish Dictionary* i 1959, beartaíodh foclóir Gaeilge-Béarla a thiomsú. D’fheidhmigh Tomás de Bhaldraithe mar eagarthóir comhairleach agus ba é an Dr Niall Ó Dónaill an t-eagarthóir. Tháinig an Coiste Téarmaíochta le chéile chun atheagrán de roinnt foclóirí téarmaíochta a ullmhú sna seascaidí agus cuireadh bonn níos daingne faoi trí bhunú an Bhuanchoiste Téarmaíochta le toil an Aire Oideachais i 1968. Ina measc siúd a ceapadh ar an mBuanchoiste bhí Tomás de Bhaldraithe agus Niall Ó Dónaill. De bharr athruithe sna siollabais mheánscoile agus an ghá le téacsleabhair nua a ullmhú, aithníodh go raibh éileamh ann ar sholáthar rialta téarmaí teicniúla. I gcomhthéacs na bhfoclóirí téarmaíochta, rinneadh forbairt ar na rialacha traslitrithe. Ba iad de Bhaldraithe agus Ó Dónaill mar aon le hÉamonn Ó hÓgáin (a bhí ina Eagarthóir Sinsearach ar an nGúm ag an am) a d’oibrigh ar forbairt na rialacha agus cuireadh i bhfeidhm iad sna foclóirí téarmaíochta agus san Fooclóir Gaeilge-Béarla.

Le síorshaothrú na téarmaíochta ó shin, ba ghá filleadh ar na rialacha agus iad a choigearcú in áiteanna nó cur leo. Tháinig dúshláin nua chun solais de réir mar a d’athraigh cineál na dtéarmaí a bhí le traslitrí. An réimse is mó dúshlán ó 2007 i leith ná liostaí fada agus casta ceimiceán agus téarmaí teicniúla eile a bhíonn ag teastáil agus reachtaíocht an AE á aistriú. Rud eile de, ón uair go bhfuil leagan leictreonach den fooclóir Gaeilge-Béarla ar fáil (*WinGléacht*) agus ó rinneadh stoc téarmaíochta an Choiste Téarmaíochta a ionchur sa bhunachar náisiúnta téarmaíochta ([www.focal.ie](http://www.focal.ie)), is furasta patrún a sheiceáil agus míréireanna a aithint. Dá réir sin, ó ullhmaíodh an chéad dréacht den lámhleabhar seo trí bliana ó shin, ba ghá filleadh ar na rialacha ó am go chéile chun gnéithe breise a chur san áireamh. Le linn an ama sin, bhi an Dr Éamonn Ó hÓgáin fial lena chomhairle agus is iomaí ceist chrosta a réitigh sé.

Forbairt eile teicneolaíochta a bhí ina chuidíú an-mhór agus an lámhleabhar seo á réiteach ná an leagan leictreonach de *Dictionary of the Irish Language based mainly on Old and Middle Irish materials* ([www.dil.ie](http://www.dil.ie)). Chun na patrúin maidir le hiasachtaí sa teanga a dheimhniú baineadh leas forleathan as an bhfoinse iontach seo, agus tugtar samplaí thíos den iliomad iasachtaí a tugadh isteach sa Ghaeilge roimh 1700.

Is é atá sa lámhleabhar seo ná tuairisc ar na cleachtais a d’fhorbair muintir an Choiste Téarmaíochta thar na blianta, na rialacha traslitrithe san áireamh. Tá súil ag an gCoiste go mbeidh an t-ábhar seo úsáideach dóibh siúd atá bainteach le gné ar bith d’fhorbairt nó de phleanáil na teanga, teagascóirí, taighdeoirí teanga, iriseoirí, scríbhneoirí, eagarthóirí, aistritheoirí, agus craoltóirí san áireamh.

---

<sup>1</sup> *English-Irish Dictionary*, ed. Tomás de Bhaldraithe (*Oifig an tSoláthair*, 1959), v-vi.

## 1 Réimeanna Teanga

Baineann réimeanna éagsúla cumarsáide le gach teanga. Ní mar a chéile ar fad an friotal a chleachtann duine agus é ag caint lena mhuintir nó lena chairde nó lena chomharsain agus an cineál teanga a labhraíonn sé ina ghairm, nó le daoine gairmiúla ina shaol ar nós dochtírí, dlíodóirí, múinteoirí, agus mar sin de. Cuid den chuíos atá leis sin ná nach mar a chéile an réim teanga a chloisfidh sé ó bhéal na ndaoine gairmiúla sin. Bónn saincheisteanna le plé acu a bhaineann lena ngairm agus leis an gcomhthéacs cumarsáide. Bónn teanga speisialaithe in úsáid ag speisáltóirí, agus is speisáltóir é gach duine i réimsí áirithe den saol, de réir gairme nó sainspíseanna is cuma an fiaclóir tú nó imreoir iomána nó cócaire.

I réimse na cumarsáide scríofa, áfach, bónn gné seo na réimeanna teanga níos criticíula mar, ní hionann agus i modh comhrá, níl ach deis amháin ag an scríbhneoir an bhrí atá i gceist aige a chur in iúl don léitheoir. I gcás leabhair do pháistí agus téacsleabhair scoile, is gá cuimhneamh ar aoisghráupa na léitheoirí agus ar leibhéal Gaeilge measta na léitheoirí. Castacht bhreise sa Ghaeilge, go háirthe i gcás leabhair do pháistí, ná cúrsaí canúna mar is minic na difiochtaí canúna is mó ag gabháil leis na gnáthleaganach is coitianta sa chaint laethúil: *Tar anseo, nó Gabh i leith nó Gabh anseo; Féach nó Amharc nó Breathnaigh; garsún nó gasúr nó buachaill; páistí nó leanai nó gasúir.* Dúshlán mór a bhaineann le téacsleabhair mheánscoile ná gur minic leibhéal an Bhéarla (más aistriúchán atá i gceist) i bhfad níos casta ná leibhéal na Gaeilge a bhíonn ag na spriocléitheoirí. Fiú más bunsaothar Gaeilge é an téacsleabhar, beidh coincheapa teibí ná aduaine le cur i láthair nach bhfaightear sa teanga bheo mórán agus nach mbíonn faoi thrácht go minic i ngnáthleabhair léitheoireachta, ná ag na meáin ná i gcomharthaíocht phoiblí. Más reachtaíocht atá á aistriú, is gá cloí go litriúil le foclaíochta na buncháipéise – níl athleagan inghlactha.

### 1.1 Teanga sainfheidhme

Cuimsíonn an teanga speisialaithe seo dhá phríomhghná: téarmaí agus an fhocláíocht timpeall orthu de réir gnáis. Is é atá i gceist le téarma ná an t-ainm nó an lipéad a thugann speisáltóirí ar choinchéap faoi leith a bhaineann le sainréimse eolais. Seo an sainmhíniú a fhaightear i gcaighdeán ISO ar choinchéap agus ar théarmaíocht na téarmeolaíochta ar an gcoincheap ‘term’: verbal designation of a general concept in a specific subject field NOTE A term may contain symbols and can have variants, e.g. different forms of spelling.<sup>2</sup>

Téarma is ea **sliotar**. D’fhéadfadh duine ‘liathróid’ a thabhairt air mura mbeadh an téarma ceart ar eolas aige, ach ní bheadh sé chomh soiléir céanna don éisteoir. D’fhéadfadh sé ‘liathróid iomána’ a thabhairt air agus bheadh sé sin soiléir go leor, ach is é an téarma a úsáideann lucht iomána féin ná **sliotar** - dá réir sin, is téarma é. Tabhair faoi deara nach bhfuil ach aon bhrí amháin le **sliotar**. Sin sainchomhartha gur téarma é, ní hionann agus focail ghinearálta nach léir cén sainréimse eolais lena mbaineann siad, mar shampla, *liathróid, bord, cathaoir*.

Is minic a bhaintear leas as foclaíocht faoi leith timpeall ar an téarma teicniúil sin, mar shampla, is iondúil go ndeirtear gur **rug** imreoir **ar** an sliotar seachas gur thóg sé é, gur **tharraing sé ar** an sliotar seachas gur bhuail sé é agus é ag gluaiseacht, go **bhfuir sé seilbh** an tsliotair seachas gur choinnigh sé é, gur **lasc** sé isteach san eangach é seachas gur bhuail sé go láidir é, agus gur **chuir sé thar an trasnán** é seachas gur scóráil sé cúilín.

Ar an gcaoi chéanna, bónn stór áirithe téarmaí agus friotail speisialta ag roinnt le gach aon réimse saineolais. Ach ní bhíonn teacht chomh réidh sin againn ar théarmaí teicniúla i réimsí nach bhfuil muid eolach orthu, agus is gá dúinn iad a fhoghlaim chun labhairt nó scríobh fúthu. Dúshlán breise é seo i gcás mionteanga. Is minic nach mbíonn stór mór téarmaí teicniúla ar fáil sa teanga, go háirthe i sainréimsí nach mbeadh faoi thrácht ar bhonn laethúil. Thairis sin, sa chás go raibh stór saintéarmaí

<sup>2</sup> ISO 1087 – 1: 2000, Terminology work - Vocabulary - Part 1: Theory and application, 3.4.3

ar fáil tráth den saol is minic a ligtear i ndearmad iad más rud é gur athraigh cuid éigin de na nósanna maireachtála. Is feiniméan aitheanta i measc mionteangacha an chailliúint réimsí seo agus, ar na saolta deireanacha de bharr bhrú an Bhéarla, is gné í **cailliúint réimsí** atá ag dul i gcion ar mhórtheangacha.

## 1.2 Cailliúint réimsí

Tá spéis ar leith ag na teangeolaithe Christer Laurén, Johan Myking agus Heribert Picht i gCríoch Lochlann san fheiniméan seo. Deir siad go bhfuil gaol gairid idir na coincheapa 'stádas' agus 'corpas' i gcomhthéacs na pleanála teanga agsu leanann siad mar seo:

In relation to our subject, we may state:

- Improvement of status requires development and maintenance of corpus.
- Low priority of status leads, in the long run, to deterioration of corpus.
- Status is determined either by the expressed or tacit will of a language community to maintain and improve its cultural identity via a fully developed language in all domains of life, or by the indifference of a language community towards its language and identity. The consequences are either improvement or deterioration of corpus.

[http://www.infoterm.info/pdf/activities/Picht\\_DomainDynamics.pdf](http://www.infoterm.info/pdf/activities/Picht_DomainDynamics.pdf)

San alt leo, 'Language and domains: a proposal for a domain dynamics taxonomy', leagann siad amach tacsanomaíocht do chéimeanna éagsúla i leith úsáid teanga i sainréimsí eolais, mar atá: cailliúint réimsí, diúltú réimsí, gabháil réimsí, aisghabháil réimsí, leathnú réimsí, cothú réimsí. Is féidir an t-alt ionlán a léamh ag an nasc seo: <http://rauli.cbs.dk/index.php/LSP/article/viewFile/1959/1961>

Baineann gach aon cheann de na céimeanna seo go dlúth le hobair théarmeolaíochta agus bhí a bheag nó a mhór de ar bun i gcomhthéacs na Gaeilge ó aimsir na hathbheochana anonn.

## 2 Obair na téarmaíochta

Is iad príomhthascanna lucht téarmaíochta ná

- cúram a dhéanamh de bhailíú stór téarmaí na teanga mar a sheasann sí agus iad a chur ar fáil;
- cúram a dhéanamh d'aisghabháil réimsí téarmaí a bhí sa teanga tráth;
- cúram a dhéanamh de théarmaí nua a sholáthar do réimsí nach ann dóibh nó nach bhfuil cuimsithe go sásúil sa teanga mar a sheasann sí;
- cúram a dhéanamh de normalú agus de chomhoiriúnú téarmaí sa chás go bhfuil éiginnteacht ag baint leo.

### 2.1 Foinsí téarmaí nua i gcoitinne

Tagann téarmaí nua chun solais ar bhealaí éagsúla i ngach teanga – cloistear iad ag na meáin agus ag daoine gairmiúla, léitear iad i dtéacsleabhair agus i bhfoilseacháin theicniúla eile, feictear iad ar fhógraí agus ar fhoirmeacha agus ar an bpáipéarachas a ghabhann le tárgí.

Ach cé as a thagann siad? Iad siúd atá i mbun déantúsaíochta a cheapann sciar de na téarmaí a bhaineann lena dtáirgí féin. Daoine atá i mbun taighde acadúil agus eolaíochta, bíonn gá acu ó am go chéile téarmaí nua a chumadh.

Chun cumarsáid ar bith a dhéanamh faoi choincheapa nua, bíonn gá le téarmaí agus is minic gur teagascóirí, iriseoirí, nó scríbhneoirí a cheapann téarmaí nua. Agus go deimhin, is minic úsáideoirí

táirgí nua i mbun ceapadóireachta chomh maith. Dá bhisiúla an teanga is ea is mó a bhíonn an pobal ag cumadh a gcuid téarmaí féin.

Thairis sin, is i ngníomh an aistriúcháin a aithnítear an gá le téarmaí nua a cheapadh. Ní hionann sin is a rá gur aistriúcháin iad na téarmaí nua a cheaptar bíodh is gur minic a tharlaíonn sé sin.

## 2.2 Cás na Gaeilge

Ní hamháin gur cailleadh go leor réimsí téarmaíochta sa Ghaeilge ach, lena chur ar bhealach eile, is beag réimse a tháinig slán go hiomlán i dteanga bheo an lae inniu. Bheifeá ag súil go mbeadh soláthar téarmaí ag gabháil le réimsí na hiascaireachta, na feirmeoireachta agus na haimsire, le ceirdeanna áirithe, le roinnt cluichí agus cineálacha eile caitheamh aimsire, ar nós cártáí, ceoil agus damhsa. Ach mar sin féin, is minic an téarma Béarlaanois in úsáid san áit a mbíodh téarma nó trí théarma Gaeilge.

Thairis sin, tá cumarsáid le déanamh inniu faoi choinchéapa nua agus faoi réimsí nua nach mbíodh faoi chaibidil cheana. Baineann trí phríomhshruithe ceapadh téarmaíochta sa Ghaeilge: lucht téacsleabhar, lucht reachtaíochta agus na meáin chumarsáide. Is ag díriú ar spriocléitheoirí nó spriocéisteoirí éagsúla a bhíonn na sruthanna seo, rud a fhágann gur minic iliomad leaganacha éagsúla sa rith ar an gcoincheap céanna. Bíonn aidhmeanna éagsúla acu. Na meáin labhartha, mar shampla, bíonn siad ag iarraidh a scéal a chur in iúl go sciobtha agus go soiléir, agus is fearr leo an teanga a choinneáil chomh simplí agus is féidir. Lucht téacsleabhar, bíonn siad ag iarraidh cur síos a dhéanamh ar ábhair theicniúla agus na téarmaí teicniúla a ghabhann leis na coincheapa sna hábhair sin a thabhairt agus a mhíniú do na daltaí scoile. Lucht reachtaíochta, bíonn siad ag féachaint le teanga theicniúil an dlí a aistriú go cruinn beacht.

De bharr go mbíonn na sruthanna éagsúla ag obair ina réimsí féin beag beann ar a chéile, is deacair iad a chomhordú. Bíonn monatóireacht neamhfhoirmeálta ar bun ag daoine atá bainteach leis an gCoiste Téarmaíochta, féachaint le cuid éigin den mheascán mearaí seo a sheachaint. Is nós le Rannóg an Aistriúcháin a chur in iúl don Choiste má bhíonn malairt téarma in úsáid acu ar choinchéap áirithe seachas pé téarma atá a mholadh ag an gCoiste. Má thugtar faoi deara go mbíonn malairt téarma in úsáid ag na meáin Ghaeilge, féachann an Coiste leis an leagan sin a chlárú. Ar an ábhar sin, déantar téarmaí a leasú ó am go chéile. Amanna eile, leasaítéar téarma nuair is léir nach bhfuil glacadh ag an bpobal leis.

### 2.2.1 Normalú agus comhoiriúnú téarmaíochta

In imeacht na mblianta, d'fhéach an Coiste Téarmaíochta le téarmaí caighdeánacha a sholáthar – is é sin le rá, téarmaí a bhí cruinn agus comhsheasmhach – agus foilsíodh torthaí a gcuid oibre i sraith sainfhoclóirí. Sa chás go raibh níos mó ná téarma amháin ar fáil sa teanga ar choinchéap áirithe, ba ghnách tosaíocht a thabhairt don cheann ba choitianta ach é a bheith litrithe go caighdeánach. Amanna, áfach, mhol na saineolaithe dhá théarma a choinneáil le rogha a thabhairt don úsáideoir, go háirithe i dtaca le réimeanna teanga de.

Ó thuis na mílaoise i leith, díríodh go speisialta ar dhigitíú stoc téarmaíochta an Choiste. Tosaíodh le bailiúchán de théarmaí ilghnéisitheacha a tiomsaíodh as na fiosruithe a fuarthas ón bpobal thar thréimhse cúig bliana déag (1985-2000) – cuireadh in eagair é agus foilsíodh é ar shuíomh [www.acmhainn.ie](http://www.acmhainn.ie) i 2002. Foilsíodh 23 cinn d'fhoclóirí agus de liostaí faofa eile ar an suíomh sin ó shin.

Aithníodh an gá le córas bainistíochta téarmaíochta i bhfad siar agus bunaíodh ceann i dtús na nóchaidí leis an ríomhchlár CDS-ISÍS. Theip ar an tionscadal, áfach, cheal acmhainní agus níor cuireadh ach tuairim is 10,000 taifead téarmeolaíochta isteach sa bhunachar sin.

Tháinig deis chun cinn i 2004 bunachar nua a bhunú i gcomhar le FIONTAR (le maoiniú ó INTERREG agus ó Fhoras na Gaeilge) agus cuireadh ár bhfoinsí ar fad le chéile sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta, [www.focal.ie](http://www.focal.ie), foclóirí agus liostaí scanta agus dréachtliostaí san áireamh. Anois bhí deis ann anois teacht go réidh ar na míréireanna idir foinsí éagsúla. Cuid acu, bhain siad le téarmaí éagsúla ar an gcoincheap céanna a bheith foilsithe i bhfoinsí éagsúla. Bhain cuid eile le míréireanna litrithe nó gramadaí nó múnláí. Cuid eile fós, bhain siad le míthuiscint ar choinchéap teicniúil. I gcásanna eile, tháinig débhí chun solais nó aithníodh an gá idirdhealú a dhéanamh idir théarmaí éagsúla. Téarmaí eile, is amhlaidh a théann siad as faisean nó go meastar iad a bheith mífheiliúnach ar chúis éigin. I gcásanna eile, athraíodh an téarma Laidine ar speiceas bitheolaíochta, nó bhí téarmaí éagsúla Laidine tugtha i bhfoinsí éagsúla. Is minic a bhíonn níos mó ná téarma amháin Béarla le fail ar an gcoincheap céanna agus, amanna, bíonn iliomad leaganacha sa rith. Bhí 63 ainm Béarla ar an gcoincheap ar tugadh **méaróg chuimhne** air sa Ghaeilge liostaithe in alt ar Wikipedia tráth, agus cloisteár dornán diobh go rialta in Éirinn: memory stick, pen drive, flash drive, USB flash drive, USB key, USB pen, USB stick, USB agus is trúdainmneacha na cinn seo a leanas Memory Stick, Disgo, Jump Drive, Thumb Drive, Pen Drive. Faoin taca seo, tá **maide cuimhne** agus **cipín cuimhne** le cloisteáil sa Ghaeilge chomh maith. Dúshlán eile ná bealaí éagsúla litrithe ar théarmaí Béarla: tá sé bhealach éagsúla ann chun an téarma seo a litriú, mar shampla: *harbourmaster, harbormaster, harbour-master, harbor-master, harbour master, harbor master*.

Tá obair leanúnach ar bun ar chomhoiriúnú téarmaíochta i mbunachar focal.ie agus glacfaidh an saothar seo achar maith ama. Idir an dá linn, tá téarmaí breise á gcur leis an mbunachar agus bíonn an comhoiriúnú céanna le déanamh ar an ábhar nua seo.

### **3 Ceapadh na téarmaíochta**

### 3.1 Machnamh ar an gcoincéap

Is tríd an mbÉarla a thagann formhór mór na dtéarmaí nua chugainn. Ar an ábhar sin, is sa Bhéarla a rinneadh an coincheapadh. Is gá, mar sin, breathnú taobh thiar den téarma Béarla ar an gcoincheap a seasann sé dó. Ní mar a chéile a dhéantar coincheapadh ó theanga go chéile, agus ba chóir machnamh a dhéanamh i dtosach ar an gcoincheap nua Béarla seo agus smaoineamh cén chaoi a rachfaí i mbun a leithéid de choincheap a chur in iúl go nádúrtha i nGaeilge. Ní ar na focail Bhéarla ba chóir díriú ach ar an mbrí a chuireann siad in iúl. Is próiseas cruthaitheach é seo agus baineann fíorthábhacht le machnamh a dhéanamh ar an gcoincheap agus é a phlé le daoine eile nuair is féidir. Anuas air sin, is gá smaoineamh ar na coincheapa gaolmhara atá ann cheana nó a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí. Más ag obair ar bhailiúchán a bhaineann le sainréimse faoi leith atá tú, moltar tosú le creatlach de na foréimsí atá le clúdach, na coincheapa is tábhactaí i ngach foréimse a aithint agus ansin córas coincheapúil a a dheardadh chun na gaoil idir na coincheapa ábhartha a léiriú. Cuirfidh sé seo bonn struchtúrtha faoin mbailiúchán.

Os a choinne sin, más ag déileáil le meascán de choincheapa ilghnéisitheacha ó réimsí éagsúla atá tú ní feidir ach tagairt do pé coincheapa agus téarmaí gaolmhara atá ar taifead cheana féin.

### **3.2 Céimeanna tosaigh**

Baineann céimeanna éagsúla leis an bpróiseas seo, cé gur minic cúpla ceann acu a bheith ar bun ag an am céanna. Baineann taighde le gach céim acu seo – dá críochnúla an taighde is ea is fóntha toradh na hoibre.

1. Is gá smaoineamh i dtosach ar an gcoincheap agus ar na coincheapa gaolmhara;

2. Is gá an bhrí a chinntiú trí shainmhíniú nó sainmhínithe a lorg, agus is fiú samplaí úsáide a lorg i gcásanna áirithe;
3. Ba chóir breathnú ansin ar pé téarmaí gaolmhara atá ar fáil cheana féin;
4. Ba chóir smaoineamh ar choinchéapa gaolmhara eile a d'fhéadfadh a theacht chun cinn arís (m.sh., briathar nó aidiacht, nó cáilitheoir eile ag an ainmfhocail);
5. Agus na céimeanna tosaigh sin tugtha, ní mór breathnú an bhfuil aon fhocal sa teanga cheana féin a fhreagraíonn go cruinn don choinchéap;
6. NÓ féach an féidir tógáil ar fhocal dúchasach trí shíneadh brí a shamhlú leis, nó trí réimír nó iarmhír a chur leis, trí chálitheoir a chur leis, trí bhriathar nó aidiacht a bhunú air;
7. Más meafar atá sa Bhéarla (nó sa teanga ina bhfuil an téarma iasachta ar fáil), ní mór dul siar go dtí an coincheap agus smaoineamh ar an mbunbhír agus féachaint an bhfuil aon mheafar Gaeilge ann a thugann an bhrí sin. Má tá, ba chóir é sin a roghnú; mura bhfuil, moltar
  - dearmad a dhéanamh ar an meafar agus an bhrí a aistriú go Gaeilge; nó
  - leagan nó nath Gaeilge a úsáid go meafarach; nó
  - mura n-oibreoidh aon rud eile, an meafar iasachta a aistriú go lom ar mhaithe le soiléire. **Trédhearcacht** a thugtar ar an ngné seo, is é sin, go rithfeadh brí an téarma le duine ar a fheiceáil nó a chloisteáil den chéad uair.

### 3.3 Critéir maidir le ceapadh téarmaí

1. Is gá go mbeidh an téarma **cruinn**, agus nach mbeidh aon bhaol débhír ann;
2. Ba chóir go mbeadh an téarma **neodrach** agus nach bhféadfaí aon bhlás diúltach, maslach nó breithiúnach a shamhlú leis;
3. Ba chóir go mbeadh an téarma chomh **trédhearcach** agus is féidir, is é sin, intuigthe ann féin, sa chaoi go n-aithneoidh úsáideoirí é;
4. Ba chóir go mbeadh an téarma **comsheasmhach** le téarmaí eile ar choinchéapa eile sa sainréimse céanna, is é sin, go mbeidh sé ag teacht lena bhfuil bunaithe cheana;
5. Is fearr i gcónaí téarmaí nua a cheapadh de réir **múnláí seanbhunaithe**, sa chaoi go mbeidh siad níos follasaí don úsáideoir;
6. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh téarmaí a choinneáil chomh **gonta** agus is féidir gan an cruinneas a chailleadh;
7. Ba chóir go mbeadh téarma nuacheaptha **somhúnlaithe**, sa chaoi gur féidir briathar nó aidiacht a bhunú air (más ainmfhocail é), nó sa chaoi go bhféadfaí é a úsáid mar réimír más gá, **indíorthaitheacht** a thugtar ar an ngné seo;
8. Is gá go litreofaí an téarma de réir **rialacha ortagrafaíochta** na teanga;
9. Ba chóir tú síte a thabhairt d'fhocail agus do mhíreanna **dúchasacha** nó míreanna atá bunaithe sa teanga cheana féin agus téarmaí nua á gceapadh;
10. I gcás téarmaí ó theangacha iasachta seachas an Béarla, má tá **leagan Béarlaíthe** díobh in úsáid go coitianta sa Bhéarla, is gnách iad a Ghaelú, faoi mar a tharla le roinnt logainmneacha iasachta m.sh., *Páras*;
11. Nuair a fhágtaí téarma iasachta sa bhunteanga gan athrú sa Bhéarla, áfach, is gnách an leagan sin a úsáid, mar shampla, téarmaí áirithe ó chultúir eile ar nós téarmaí cócaireachta ón bhFraincis, téarmaí ceoil agus ealaíne ón lodáilis (*croissant, adagio, sfumato*);
12. Ba chóir trádaimneacha a fhágáil gan athrú: OXO, PowerPoint, ach amháin sa chás go bhfuil an t-ainm bisiúil sa teanga eile (an Béarla, go hiondúil) mar théarma cineálach, m.sh. húvar, húvráil, aspairín, friosbaí. Sampla maith de seo is ea 'memory stick' i mBéarla na hÉireann, agus na leaganacha Gaeilge 'cipín cuimhne' agus 'maide cuimhne' dá réir.

## 4 Spléachadh ar an stair

### 4.1 Focail ghaolmhara

I gcás roinnt focal ársa, bíonn gaol sinsearachta idir na leaganacha a fhaightear i dteangacha éagsúla. Ní áirítear mar iasachtaí iad seo mar ní féidir a rá le cinnteacht céard iad na bunleaganacha nó an é gur tháinig siad chun cinn neamhspleách ar a chéile nó faoi thionchar a chéile.

Ós rud é gur teanga Ind-Eorpach í an Ghaeilge tá bunstoc áirithe focal inti a tháinig anuas chugainn agus chuig teangacha Ind-Eorpacha eile, m.sh., focail a chuireann gaol in iúl: *máthair, athair, bráthair*. (Cuimhnigh gurb é is bun leis an ngnáthfhocal Gaeilge ar an ngaol fola, **deartháir**, ná *dearbh-* + *bráthair* ).

### **Focail ghaolmhara ón Ind-Eorpaí**

Gaeilge	<b>máthair</b>	<b>athair</b>	<b>bráthair</b>	<b>trí</b>	<b>roth</b>
Béarla	<b>mother</b>	<b>father</b>	<b>brother</b>	<b>three</b>	
Fraincis	<b>mère</b>	<b>père</b>	<b>frère</b>	<b>trois</b>	<b>roue</b>
Spáinnis	<b>madre</b>	<b>padre</b>		<b>tres</b>	<b>rueda</b>
Iodáilis	<b>madre</b>	<b>padre</b>	<b>fratello</b>	<b>tre</b>	<b>ruota</b>
Portaingéilis	<b>mãe</b>	<b>pai</b>		<b>três</b>	<b>roda</b>
Gearmáinis	<b>Mutter</b>	<b>Vater</b>	<b>Bruder</b>	<b>drei</b>	<b>Rad</b>
Dúitsis	<b>moeder</b>	<b>vader</b>	<b>broer</b>	<b>drie</b>	
Ioruais	<b>mor</b>	<b>far</b>	<b>bror</b>	<b>tre</b>	
Íoslainnis	<b>móðir</b>	<b>faðir</b>	<b>bròðir</b>	<b>þrír</b>	
Liotuáinís	<b>mater</b>		<b>brolis</b>	<b>tri</b>	<b>ratas</b>
Laidin	<b>mater</b>	<b>pater</b>	<b>frater</b>	<b>tres</b>	<b>rota</b>
Gréigis	<b>μητέρα</b>	<b>πατέρας</b>		<b>τρία</b>	<b>τροχός</b>
Sanskrait	<b>matar</b>	<b>pitar</b>	<b>bhrator</b>	<b>tri</b>	<b>rathah</b>

### **4.2 Iasachtaí**

Tugtar iasachtaí isteach i dteanga de dheasca teagmhála idir pobal teanga amháin agus pobal teanga eile. D'fhéadfadh sé seo titim amach nuair a théann baill de phobal teanga thar lear, bíodh sé de bharr cúrsáí trádála nó cúinsí eile fostáiochta nó gairme, cúrsáí taistil is turasóireachta, cónaí thar lear de rogha nó de bharr imirce. Os a choinne sin, d'fhéadfadh tionchar iasachta teacht isteach i bpobal teanga de dheasca turasóirí, trádálaithe, misinéirí, gabhálaithe, coilíneoirí nó daoine ón iasacht a roghnaíonn cur fúthu i measc an phobail ar chuíseanna éagsúla. Thairis sin, d'fhéadfadh tionchar ó theanga iasachta teacht chun cinn de bharr teagmhála le meáin iasachta, m.sh., nuacht, litríocht, ealaín, scannán is físeáin, ceol nó an tIdirlíon. Uaireanta is teagmhálacha fánacha iad seo a tharlaíonnanois is arís agus go spontáineach, faoi mar a roghnódh duine labhairt le strainséir ar an mbus nó iris a léamh sa seomra feithimh. Ach nuair a tharlaíonn athruithe móra sochpholaitíula, soch-chultúrtha nó socheacnamaíocha i bpobal de bharr tionchar iasachta, is gnách go dtugtar rabharta iasachtaí isteach i dteanga an phobail sin. Nuair a leanann an teagmháil ar aghaidh go tréan thar thréimhse fhada, téann líon na n-iasachtaí a thugtar isteach i méid. Dá réir sin, is féidir éasclínte stairiúla a aithint ach staidéar a dhéanamh ar iasachtaí.

Gné eile a bhaineann le hábhar anseo ná gur oiléán Éire agus, dá chomhartha sin, cuirtear 'abroad' in iúl sa Ghaeilge le **thar lear**. Is mó na deiseanna teagmhála idir theangacha i gceantair áirithe cois teorainn ar mhórchríoch ar nós mhór-roinn na hEorpa, ag cur san áireamh gur athraíodh na teorainneacha i gceantair éagsúla ó am go chéile.

Is díol spéise cineál na n-iasachtaí a tugadh isteach sa Ghaeilge ó theangacha éagsúla. Tugann siad leid dúinn de na rudaí nua a thug lucht na teanga iasachta leo go hÉirinn.

Ní mór a chur san áireamh, áfach, go dtagraíonn na dátaí a luaitear sa rannóg seo faoi na hiasachtaí do na tagairtí a thugtar in DIL don chéad fhianaise scríofa de na focal seo. Ní chruthaíonn sé sin nach raibh na focal i gcúrsaíocht sa teanga labhartha roimhe sin.

#### 4.2.1 Iasachtaí agus an Ghaeilge – na héasclínte stairiúla

- 5ú hAois – teacht na Críostaíochta
- 8ú hAois – teacht na Lochlannach
- 12ú hAois – teacht na Normannach
- 15ú/16ú hAois – plandálacha na Breataine
- 17ú hAois – briseadh agus imeacht na nlarlaí
- 18ú hAois – daingniú agus forlámhas shaol poiblí agus chóras riarracháin an Bhéarla
- 19ú hAois – an Gorta Mór, imirce, an córas oideachais
- 20ú hAois – athbheochan, neamhspleáchas, córas nua oideachais, imirce, Cearta Sibhialta na Gaeltachta, Raidió na Gaeltachta, TG4, AE, téarnamh an gheilleagair, réabhlóid na faisnéise, rachmas, próiseas na síochána
- 21ú Aois – acht teanga, stádas oifigiúil san AE, an cúnú eacnamaíochta

##### 4.2.1.1 Iasachtaí ón Laidin nó ón nGréigis tríd an Laidin

Tugtar iasachtaí isteach i móran gach uile theanga agus is de réir ortagrafaíocht agus fhoghraíocht na sprioctheanga a dhéantar é.

Gaeilge	síceolaíocht	haemaglöbin	maighnéad
Béarla	<b>psychology</b>	<b>haemoglobin</b>	<b>magnet</b>
Fraincis	<b>psychologie</b>	<b>hémoglobine</b>	<b>aimant</b>
Spáinnis	<b>psicología</b>	<b>hemoglobina</b>	<b>imán</b>
Iodáilis	<b>psicología</b>	<b>emoglobina</b>	<b>magnete, calamita</b>
Portaingéis	<b>psicología</b>	<b>hemoglobin</b>	<b>imA</b>
Gearmáinís	<b>Psychologie</b>	<b>Hämoglobin</b>	<b>Magnet</b>
Dúitsis	<b>psychologie</b>	<b>Hemoglobine</b>	<b>magneet</b>
Ioruais	<b>psykologi</b>	<b>hemoglobin</b>	<b>magnet</b>
Íoslainnis	<b>sálfræði</b>	<b>blóðrauða</b>	<b>segull</b>
Liotuáinís	<b>psichologija</b>	<b>hemoglobinas</b>	<b>magnetas</b>
Polainnis	<b>psychologia</b>	<b>hemoglobina</b>	<b>magnes</b>
Laidin	[ <b>psychologia</b> ]	[<haem + globulus]	<b>magneta &lt; magnes</b>
Rómáinís	<b>psihologie</b>	<b>Hemoglobin</b>	<b>magnet</b>
Slóivénis	<b>psiologija</b>	<b>hemoglobin</b>	<b>magnet</b>
Gréigis	ψυχολογία (<psykhe- + logia)	Αιμοσφαιρίνη (<haima- + globulin)	<b>magnes &lt; Magnesia</b>

Iasachtaí an-sean sa Ghaeilge is ea ‘maighnéad’. Faightear leagan de – *maignéit* – in *Saltair na Rann*, dán a scríobhadh in AD 988. An chéad taifead den fhocal *magnet* sa Bhéarla, baineann sé leis an 15ú haois<sup>3</sup>. Tháinig an focal isteach tríd an Laidin *magnet-* (< *magnes*) ón nGréigis *ho Magnes lithos* "cloch na Maignéise," ó *Magnesia*, ceantar sa Teasáil ina raibh mian mhaighnéadaithe le fáil tráth den saol. Leath an focal tríd an Laidin go dtí formhór na dteangacha Eorpacha. Tabhair faoi deara, áfach, gur rug focal eile an báire sa Fhraincis, sa Spáinnis agus sa Phortaingéis, iasacht a tugadh

<sup>3</sup> Merriam-Webster’s Online Dictionary

isteach ón nGréigis tríd an Laidin ‘adamas’ agus atá ar fáil sa Bhéarla mar ‘adamant’ agus sa Ghaeilge mar ‘adhaint’<sup>4</sup>.

Is eisceacht í an Íoslainnis i measc na dteangacha eile thus mar tá polasaí láidir i bhfeidhm san Íoslainn ó thús an naoú haois déag diúltú d’iasachtaí agus téarmaí nua a cheapadh as míreanna dúchasacha.

Seaniasacht eile sa Ghaeilge is ea an focal *criostal* (< *cristall*). Luadh é i mórán foinsí, ina measc *Sanas Cormaic* (gluais Sean-Ghaeilge le Cormac úa Cuilennán ón 9ú haois), *Táin Bó Cúalnge* (leagan Leabhar Laighean ón 12ú haois), agus *Aislinge Meic Conglinne* (aoir ar an gcléir agus ar lucht litríochta a scríobhadh sa 12ú haois)<sup>5</sup>. Iasacht luath eile is ea *ciogal* (< *cicul*) a luadh in *Féilire Óengusso Céili Dé* ón 9ú haois. Mar an gcéanna, an iasacht ‘elefant’ a fhaightear i nGluais Uí Mhaolchonaire ón 8ú haois agus an iasacht ‘camall’ a fhaightear i nGluaiseanna Torino ón 9ú haois.

Ní hamhlaidh d’*éclips*, áfach. Is ón 17ú haois an lámhscríbinn ina fhaightear é, *Corpus Astronomiae*, aistriúchán a rinne sagart Éireannach, Maghnus Ó Domhnaill, ón Spáinnis go Gaeilge le linn dó a bheith ag staidéar in Salamanca ar an *Lunario* le Geronymo Cortes.

Díol spéise é gur coinníodh leagan den fhocal ‘criostal’ sna teangacha seo thíos ar fad, de bharr – is dócha – gur téarma sách teicniúil é. Ach sa dá chás eile thíos, bhí cur chuige eile le sonrú i gcuid de na teangacha. Is dócha gur mó an seans go mbeadh an gnáthphobal ag caint ar na coincheapa seo seachas ar chriostal.

Gaeilge	<b>criostal</b>	<b>ciogal, timthriall</b>	<b>éclips, urú</b>
Béarla	<b>crystal</b>	<b>cycle</b>	<b>eclipse</b>
Fraincis	<b>cristal</b>	<b>cycle</b>	<b>éclipse</b>
Spáinnis	<b>cristal</b>	<b>ciclo</b>	<b>eclipse</b>
Iodáilis	<b>cristallo</b>	<b>ciclo</b>	<b>eclissi</b>
Portaingéilis	<b>cristal</b>	<b>ciclo</b>	<b>eclipse</b>
Gearmáinís	<b>Kristall</b>	<b>Zyklus</b>	<b>Finsternis</b>
Dúitsis	<b>kristal</b>	<b>cyclus</b>	<b>verduistering</b>
Ioruais	<b>krystall</b>	<b>periode</b>	<b>sol-, *måneformørkelse, ekclipse</b>
Íoslainnis	<b>kristall</b>	<b>hringrás</b>	<b>sólmyrkvi</b>
Liotuáinís	<b>kristalas</b>	<b>tutulma</b>	<b>užtemimas</b>
Polainnis	<b>kryształ</b>	<b>cykl, okres</b>	<b>zaćmienie</b>
Laidin	<b>crystallum</b>	<b>cyclum</b>	<b>eclipsis</b>
Rómáinís	<b>crystal</b>	<b>ciclu</b>	<b>eclipsă</b>
Slóivéinís	<b>kristal</b>	<b>cikel</b>	<b>mrk</b>
Tuircis	<b>kristal</b>	<b>devir</b>	<b>tutulma</b>
Gréigis	<b>κρύσταλλος (krystallos)</b>	<b>κύκλος (kyklos)</b>	<b>έκλειψη (ékleipsis)</b>

<sup>4</sup> eDIL s.v. **adamas**: is inann an t-adhamus ɿ a[n] maghnés ‘loadstone’

<sup>5</sup> eDIL s.v. *cr* *cristall* o (Lat. *crystallum*). Later *cristal*. ? *cristann*, MAUND. 138 . Appar. as ā, f. in gs. *crisdaile*, H 2.17 , 190 a (cited Meyer Contribb. 520 ). ? *cristaille* (below). ds. de chrúan ɿ christ- aill, TÁIN 3257 . *cristaill*, AISL. MC 124.33 . *criosdal* o, m., IGT DECL. § 11 (53.z.) .

Crystal (material and stone): cloch crisdaill gl. hec *crystallus*, IR. GL. 552 . mor do c. ɿ do criadhumha, CCATH. 1519 . co sreith *cristail*, 4705 . finemna di or . . . cona papib *cristall* (sic), ALEX. 582 . a rosg comhghlas re *criosdal*, DDÁNA 49.8 . dá geal-ghnúis *chriostail*, DÁNTA GR. 30.17 . lán do gemaib carromgail ɿ liag lögmar . . . ɿ *cristal*, CORM. Y 1059 (94.11) = *cristaille* ( 23 N 10 ), WIND. FESTSCHR. 19.15 . a ngloine *cristail*, FL. EARLS 30.8 ; cf. *criosdall* nó *criosdaill* .i. iris bhíos as ní, O'CL. (see 1 IRIS) . Hence taken by Meyer (Con-tribb. 520 ) as a compd. *cris* + *tell* (recte téll) ‘suspender’ . But O'CL. may be an inference. See CROSTAL.

#### 4.2.3 Cineál na n-iasachtaí ón Laidin

Le teacht na Críostaíochta sa 5ú haois tugadh raidhse focal isteach ón Laidin, cinn a bhain le ceird nua na scríbhneoireachta chomh maith le cinn eaglasta:

Laidin	Gaeilge	Béarla	Fraincis	Spáinnis	Portaingéilis
<i>legendum</i>	léann	learning	savoir	saber	erudição
<i>schola</i>	scoil	school	école	escuela	escola
<i>penna</i>	peann	pen	plume	pluma	caneta
<i>liber</i>	leabhar	book	livre	libro	livro
<i>scribere</i>	scríobh	write	écrire	escribir	escrever
<i>littera</i>	litir	letter	lettre	letra	letra
<i>sacerdos</i>	sagart	priest	prêtre	sacerdote	sacerdote
<i>episcopus</i> <sup>6</sup>	easpag	bishop	évêque	obispo	bispo
<i>ecclesia</i>	eaglais	church <sup>7</sup>	église	iglesia	igreja
<i>crux</i>	cros	cross <sup>8</sup>	croix	cruz	cruz
<i>templum</i>	teampall	temple	temple	templo	templo
<i>infernum</i>	ifreann	hell	enfer	infierno	inferno
<i>natalicia</i>	Nollaig	Christmas	Noël	Navidad	Natal
<i>pascha</i>	Cáisc	Easter	Pâques	Pasqua	Páscoa

Uaireanta, tugadh an focal céanna isteach sa Ghaeilge mar iasacht níos mó ná uair amháin agus ag amanna éagsúla agus mhair siad sa teanga agus bríonna éagsúla leo. Sampla maith is ea an focal Laidine *oratio* (ón mbriathar *orare* a chiallaíonn ‘guigh’) a bhí tugtha isteach sa Ghaeilge faoin 8ú haois mar **ortha** leis na bríonna (a) paidir; (b) briocht. Faoin 9ú haois, bhí an focal Laidine céanna tugtha isteach mar **oróit (oráit)** leis na bríonna (a) paidir; (b) caint, óráid. Sampla eile den fheininéan seo is ea an focal Laidine ***schema*** (cruth, fíor, foirm) a tugadh isteach sa tSean-Ghaeilge mar **scíam** leis na bríonna ‘fíor chainte’, ‘fíor, cruth’, ‘áilleacht’, agus a mhaireann sa Nua-Ghaeilge mar **scéimh**. Tugadh an focal céanna Laidine isteach tríd an mBéarla na céadta bliain ina dhiaidh sin mar **scéim** agus na bríonna ‘scheme, plan, design’ leis.

#### 4.2.4 Iasachtaí ón loruais

Le teacht na Lochlannach san 8ú haois tugadh téarmaí soch-eacnamaíocha isteach ón tSean-loruais - bhain go leor acu le cúrsai trádála agus mara:

<sup>6</sup> Is iasachtaí ón nGréigis tríd an Laidin na focail seo go léir, an Béarla agus an Phortaingéilis san áireamh. Féach freisin nota 10 ar Ich 17.

<sup>7</sup> Ach choinnigh an Béarla *ecclesia*, *ecclesial*, *ecclesiarch*, *ecclesiastic*, *ecclesiastical*.

<sup>8</sup> Is sampla é *cross* d’iasacht Laidine a tugadh isteach sa tSean-Bhéarla tríd an tSean-loruais ón tSean-Ghaeilge. Tugadh an bunfhocal Laidine isteach níos deireanaí sa Bhéarla gan athrú mar *crux*, ón Laidin Mheánaoiseach *crux interpretum* (cruachás an tráchtair, i.e., sliocht deacair i dtéacs).

<i>Sean-Ioruaí</i>	<i>Gaeilge</i>	<i>Béarla</i>	<i>Fraincis</i>	<i>Spáinnis</i>	<i>Danmhairgis</i>	<i>Ioruais</i>
--------------------	----------------	---------------	-----------------	-----------------	--------------------	----------------

<i>knappr</i>	cnaipe	<b>button</b>	<b>bouton</b>	<b>botón</b>	knap	knapp
<i>bátr</i>	bád	boat	bateau	barco, barca, embarcación	båd; <b>fartøj</b>	båt, <b>fartøy</b>
<i>ey</i>	í, inis, oiléán	island	isle	isla	ø	øy
<i>poki</i>	póca	pocket	poche	bolsillo	lomme; -lomme;-lomme-	lomme
<i>bogi</i>	bogha	bow	arc	arco	hue; flitsbue	hue
<i>marked</i>	margadh	market	marché	mercado	marked; markedsplads	markedspllass, <b>torg</b>
<i>porskr</i>	trosc	<b>cod(fish)</b>	<b>cabillaud</b>	<b>bacalao</b>	torsk	torsk
<i>vindauga</i>	fuinneog	window	fenêtre; vitrine	ventana, ventanilla	vindue; udstillingsvind ue	vindu

#### 4.2.5 Iasachtaí ón bhFraincis

Le teacht na Normannach sa 12ú haois tugadh focail shoch-chultúrtha isteach ón bhFraincis:

<i>Fraincis, Sean-Fhraincis</i>	<i>Gaeilge</i>	<i>Béarla</i>	<i>Spáinnis</i>	<i>Ioruais</i>
<i>bacon &lt; bacoun</i>	bagún	bacon	<b>tocino</b>	bacon, <b>(salt) flesk</b>
<i>orange &lt; orange</i>	oráiste	orange	naranja	<b>appelsin</b>
<i>farine &lt; fleur de farine &lt; flur</i>	plúr	flour	harina	<b>(hvete)mel</b>
<i>raisin sec &lt; raisin</i>	risín	raisin	<b>uva pasa</b>	rosin
<i>baron</i>	barún	baron	barón	baron
<i>garçon</i>	garsún, gasúr, buachaill	boy	niño	<b>gutt</b>
<i>épouser</i>	pós	marry, espouse	<b>casarse</b>	<b>gifte seg (med), bli gift</b>
<i>boucle</i>	búcla	buckle	<b>hebillia</b>	spenne
<i>goune</i>	gúna	gown	<b>vestido largo</b>	<b>(fin)kjole</b>
<i>cave voûtée &lt; vou(l)te</i>	boghta	vault	sótano; <b>bodega</b>	<b>hvelv, kjeller</b>
<i>forêt &lt; forest</i>	foraois	forest	<b>bosque</b>	skog
<i>nature</i>	nádúr	nature	carácter; naturaleza	<b>natur; art, type, beskaffenhet</b>

<i>region</i>	réigiún	region	región	område, region
<i>raison</i>	réasún	reason	razón	fornuft, forstand, dømmekraft
<i>texte</i>	téacs	text	texto	tekst
<i>terme</i>	téarma	term	termino	faguttrykk, vending

#### 4.2.6 Lasachtaí ó theangacha eile

Tugadh iasachtaí isteach sa Ghaeilge ón mBreatnais (ónár gcomharsana is gaire), ón nGréigis agus, corrúair, ó theangacha eile. Is féidir na samplaí thíos ón mBreatnais a shamhlú le comhthéacs scéalaíochta, an ceann Spáinnneach le cúrsáil trádála, an ceann Eabhraise le comhthéacs bíobalta agus na cinn Ghréigise le gluaiseanna ar lámhscríbhinní reiligiúnacha.

Gaeilge, Sean- Ghaeilge	Béarla	Breatnais	Spáinnis	Eabhras	Gréigis
óinmhid < óinmit	fool	<i>ynfyd</i>			
nós	custom	<i>naws</i>			
muirmorú <sup>9</sup>	mermaid	<i>morforwyn</i>			
réal	sixpence		<i>real</i>		
seiceal < cicle	shekel			<i>sheqel</i>	
dia- < diá-	dia-				δια-
eo- < eó	eu-				ε
deichniúr, decaid	decade (set of ten psalms)				δεκάς
onagri	wild asses, onagers				<i>vayros</i>
fordécsid	oversee				π σκοπος <sup>10</sup>

#### 4.2.7 Lasachtaí ón mBéarla

Is cosúil nár chuir na hiasachtaí a bhain leis na tréimhsí thuasluaithe isteach go mór ar shláine na Gaeilge mar theanga de bharr, b'fhéidir, traidisiún láidir litríochta a bheith ann trína ndearnadh an teanga a fhorbairt agus réim ard teanga a chaomhnú.

<sup>9</sup> Is focal dúchais é an focal Nua-Ghaeilge ‘murúch’ ón bhfoirm Shean-Ghaeilge ‘murdúchu’.

<sup>10</sup> Seo é an focal Gréigise céanna is bun leis na focail éagsúla ar ‘easpag’ – féach nota 4 ar Ich 15. Ní gnáthiasachtaí ach lomaistriúchán iad *fordécsid* agus *oversee* (is é sin, *calque* nó *loan translation*), áit ar aistríodh na míreanna Gréigise π ἀγοραὶ σκοπος go litriúil leis na míreanna Béarla *over-* agus *–seer* agus leis na míreanna Gaeilge *for-* agus *décsid*. Faightear an focal *fordécsid* i nGluais Uí Mhaolchonaire ón 8ú haois, sanas Gaeilge a bhfuil suas le 200 focal Gréigise luaithe mar thagairtí ann.

Ní mar sin a tharla i dtaca leis an mBéarla, áfach. Is ón mBéarla a tugadh isteach an lón ba mhó iasachtaí thar thréimhse ocht gcéad bliain nó mar sin. Bhí tréimhse ann idir an 12ú agus an 14ú haois nuair a bhí tionchar na Fraincise agus an Bhéarla araon i gceist, agus bhí roinnt iasachtaí á dtogáil díreach ón bhFraincis, agus cinn eile ón bhFraincis tríd an mBéarla. Ón 15ú haois ar aghaidh, áfach, thráigh tionchar na Fraincise agus is tríd an mBéarla amháin a tugadh na hiasachtaí isteach ó shin.

Ach breathnú ar na hiasachtaí luatha<sup>11</sup> (roimh 1700) ón mBéarla, is féidir iad a ghrúpáil go garbh mar seo a leanas:

- Ithe agus ól
  - béile* (meal), *branda* (brandy), *bríbhéir* (brewer), *bricfeasta* (breakfast), *cabáiste* (cabbage), *candáí* (candy), *cearbhas* (caraway), *dinnéar*<sup>12</sup> (dinner), *leitís* (lettuce), *liocras* (liquorice), *liomón* (lemon), *luáiste* (lovage), *sáiste* (sage), *scailliún* (scallion), *siocaire* (chicory), *sinséar* (ginger), *suipéar*<sup>13</sup> (supper)
- Éadaí agus feistis
  - bríste* (breeches), *clóca* (cloak), *cóta* (coat), *cufa* (cuff), *cuilt* (quilt), *cuitrín* (curtain), *cúisín* (cushion), *hata* (hat), *húda* (hood), *lása* (lace), *líneáil* (lining), *ómra* (amber), *scarbh* (scarf), *sciorta* (skirt), *stoca* (stocking)
- Teach agus crua-earraí
  - bosca* (box), *bríce* (brick), *cairt* (cart), *campa* (camp), *cárta* (quart, card), *cíle* (keel), *cistin* (kitchen), *clós* (close, yard), *corda* (cord, rope), *hanla* (handle), *hinse* (hinge), *laitís* (lattice), *lampa* (lamp), *pota* (pot), *rópa* (rope), *scafall* (scaffolding)
- Compord pearsanta
  - compord* (comfort), *crampa* (cramp), *dochtúir* (doctor), *poitigéir* (apothecary), *scóip* (scope), *seirbhís* (service), *sólás* (solace)
- Tráchtáil
  - costas* (cost), *dosaen* (dozen), *lasta* (last, cargo), *léas* (lease), *liosta* (list), *lóstín* (lodging), *pingin* (penny), *scór* (score), *sórt* (sort)

#### 4.2.8 Contanam thionchar an Bhéarla

Is díol staidéir ann féin an ghné seo, agus ní rachfar isteach go mion inti anseo. Is leor a nótáil gurbh é an Béarla an teanga cheannasach ó thús an 17ú haois agus, do thromhlach an phobail, ó lár an 19ú haois i leith, is é an Béarla an t-aon fhíortheanga chumarsáide. Chuir tionchar an Bhéarla isteach go mór ar shláine na Gaeilge mar theanga chumarsáide – ó thaobh gnáthfhoclóra de, ó thaobh téarmaíochta de agus ó thaobh cumas nuála de. Cé go bhfuil téagar fós sa Ghaeilge ó thaobh comhréire de, tá an ghné sin féin á creimeadh, agus is treise an creimeadh le leathchéad bliain anuas ón uair go bhfuil inmheánú nach mór iomlán déanta ag pobal a labhartha ar an mBéarla. Ceapadh an téarma ‘Béarlachas’ go luath an chéad seo caite, is cosúil, leis an gcoincheap seo a chur in iúl, is é sin nuair is léir rian nó lorg an Bhéarla ar fhriotal Gaeilge. Níl aon bhaint ag an bhfeiniméan seo le hiasachtaí mar níl sna hiasachtaí ach ainmneacha nó téarmaí, agus ní chuireann téarmaí isteach ar chomhréir. Baineann béarlachas le haistriú struchtúir Bhéarla go litriúil go Gaeilge.

An próiseas céanna sa treo eile ba bhun leis an gcoincheap ‘Hiberno-English’, lorg na Gaeilge ar an mBéarla mar a labhraítear é in Éirinn, cé go bhfuil cúnla mór le sonrú ar an bhfeiniméan seo le roinnt blianta anuas.

## 5 Cruth na n-iasachtaí

Is féidir patrúin na n-iasachtaí sa Ghaeilge a rianú ó aimsir thionchar na Laidine, cé nach lír go raibh aon chóras docht i gceist. Ceithre phríomhghná atá le sonrú:

<sup>11</sup> Tugtar an litriú Nua-Ghaeilge anseo ach is féidir teacht ar na bunleaganacha in eDIL ach na focail Bhéarla a chuardach.

<sup>12</sup> Nó ón bhFraincis, b'fhéidir – féach eDIL.

<sup>13</sup> Nó ón bhFraincis, b'fhéidir – féach eDIL.

- cailleadh formhór de na foircinn –um, -us, -is, -io ón Laidin
- coinníodh gutaí fada nó gearr de réir fhoghraíocht na bunteanga
- coinníodh consain leathan nó caol de réir dhúchas na Gaeilge
- tugadh siolla deiridh gearr ar ghuta é mar a nó e de réir mar a bhí an guta roimhe sin leathan nó caol.

Cuid de na téarmaí teicniúla sa Ghaeilge is fada ó tugadh isteach i gcéaduair mar iasachtaí iad:

**criostal:** *cristall* (< *la crystallum*) sa *Táin Bó Cuailnge* (c. 8ú haois)

**airgead:** *argat* (< *la argentum*) i nGluaiseanna Milano (9ú haois)

**ciogal:** *cicul* (< *la cyclus*) in *Sanas Cormaic* (9ú haois)

**maighnéad:** *maignéit* (< *la magnetum*) in *Saltair na Rann* (Airbheartach mac Coise, AD 988)

**stoidiaca:** *stodiace* (< *la zodiacus*) in *An Irish Astronomical Tract* (Irish Texts Society, eagrán de lámhscríbinn ó c. AD1400)

**éiclipts:** *éiclips* (< *la eclipsis*) in *Corpus Astronomiae* (Maghnus Ó Domhnaill, 1694)

Chomh maith le téarmaí teicniúla agus gnáthfhocail, is fada ainmneacha dílse á nGaelú:

**An Éigipt:** in *Auricept na n-éces* (7ú haois?) agus mórán foinsí eile

**Beithil:** in *Dánta Bhláthmac* (c. AD 750)

**Caesar:** *Céssair* in *Gluaiseanna Wurzburg* (8ú aois)

**Abhainn na hIordáine:** *Iordanén*<sup>14</sup> in *Gluaiseanna Torino* (9ú haois)

**Pointias Píoláit:** *Pelait* in *Félice Óengusso Céli Dé* (9ú haois)

**Ioib:** (*Jove/Jupiter*) in *Gluaiseanna Priscian*<sup>15</sup> (9ú haois)

**Iósaf:** in *Saltair na Rann* (AD 988)

**Caesarach:** *Césarda* in *Leabhar Breac* (14ú aois)

**Eoin Baiste:** *Eoin Baisti*, *Eoin Baisde* in *The Gaelic Maundeville* (c. 1475)

**Muir Thibirias:** *Muir Thibir*, *Muir Thibriatis* in *Leabhar Breac* (15ú haois)

**Londain:** *Lundain(n)*, *Londain* in *Annála Uladh* (c. 16ú haois)

Ní heolaíocht lánbheacht í forbairt theangeolaíoch aon teanga agus is gnách go mbíonn eisceachtaí le sonrú a bhriseann aon rialtacht. Mar sin féin, bíonn patrún ghinearálta ann agus, ach iad sin a aithint agus a thaifeadadh, is féidir tógáil orthu. Tá na patrún seo immheánaithe agus simplithe sna mórtéangacha faoi seo, sa chaoi nach gá dá bpobail tagairt do rialacha scríofa agus iasachtaí á nglacadh isteach ina dteangacha acu.

## 6 Céimeanna maidir le hiasachtaí san aibítir Rómhánach a Ghaelú

I dtosach is gá a shainiu céard ba chóir a Ghaelú. Pléifear thíos na slata tomhais maidir le trí haicme ábhartha: ainmneacha dílse, téarmaí, frásáí.

### 6.1 Ainmneacha Dílse

Seo iad na cineálacha ainmneacha dílse a thagann i gceist:

- Ainmneacha daoine
- Logainmneacha iasachta
- Ainmneacha gluaiseachtaí
- Ainmneacha eagraíochtaí agus cuideachtaí

<sup>14</sup> DIL: *Eorthanán*, *Orthan(n)án*, older *lordanén*, *Eordanén* jordan: lar srotha lordanein; Órthannán m. the river jordan (late Mid.Ir.): gs. sruth Órthan- náin (eDil, s.v. Eorthanán, Órthannán)

<sup>15</sup> “The St. Gall glosses on Priscian are particularly interesting in providing commentary on a grammatical text: the glossator was forced to think about linguistic terminology in Old Irish ... he was certainly capable of producing his own set of neologisms.” in ‘What was best of every language’: The early history of the Irish language’, Paul Russell in *A New History of Ireland*, eag. Dáibhí Ó Cróinín, (Oxford University Press, 2005), Ich 412.

- Teidil
- Giorrúcháin

### 6.1.1 Ainmneacha daoine

#### 6.1.1.1 Éireannaigh

- Ba chóir ainmneacha agus sloinnte Éireannacha a Ghaelú de réir thoil agus ghnáthúsáid an duine féin má tá siad sin ar eolas: *Breandán Ó Beacháin*, , *Ruairí Mac Easmainn*, *Seán Ó Cathasaigh (an scríbhneoir)*;
- Mura bhfuil fianaise ar fáil de chleachtas an duine féin, agus más ainm agus sloinne traidisiúnta Éireannach atá i gceist, ba chóir é a Ghaelú agus é a litriú go caighdeánach: *Tomás Dáirseach Mag Aoidh*
- Má tá leagan Gaeilge coitianta i dtraidisiún na Gaeilge ba chóir glacadh leis sin: *Dónal Ó Conaill*, *Oilibhéar Pluincéid*, *Tomás de Cantual*;
- I gcás ainmneacha daoine i dtraidisiún litríochta na Gaeilge a tharlaíonn i gcomhthéacs traidisiúnta, athinsint ar sheanscéal, mar shampla, moltar cloí le litriú na Gaeilge Clasaicí: *Meadhbh (Medb)*, *Conchubhar (Conubar)*, *Fearghus (Fergus)*;
- Má tá cáil náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta bainte amach ag an duine as a ainm Béarla, ba chóir cloí leis sin (mura léirítear gur toil leis an duine an leagan Gaeilge a úsáid): *Ernest Walton*, *William Rowan Hamilton*, *Roderic O'Conor*, *William Orpen*, *John McGahern*, *Anne Enright*, *James Joyce*, *Brenda Fricker*, *Bernadette Greevy*, *Sonia O'Sullivan*, *William Butler Yeats*;
- Más ainm agus sloinne iasachta atá i gceist agus nach bhfuil leagan Gaelaithe bunaithe sa teanga, ba chóir glacadh leis an mbunleagan iasachta: *Isaac Butt*, *Erskine Childers*, *Constance Markiewicz*.

#### 6.1.1.2 Glactar le hainmeacha atá seánbhunaithe go stairiúil sa Ghaeilge ar dhaoine aitheanta nach/nár bh Éireannaigh iad:

- Naoimh, pápaí, pearsana sa Bhíobla, daoine móra sa stair agus sna healaíona a litriú go caighdeánach: *Naomh Uinseann de Pól*, *an Pápa Eoin*, *Arastatail*, *Oilibhéar Cromail*, *Strongbó (Risteard de Clára)*, *Liam Oráiste*, *Brian Bóramha*, *Roibeard Brús*;
- Má tá fianaise ann de litriú Gaeilge an duine féin, é sin a úsáid : *Micheál Mac Liammóir*, *Éamon de Valéra*;
- Má fhaightear níos mó ná leagan amháin de litriú ainm duine sa teanga scríofa, ba chóir ceann amháin acu sin a roghnú agus é sin a dhéanamh de réir córais.<sup>16</sup>

#### 6.1.1.3 Má tá leagan Béarlaithe d'ainm dílis iasachta i gcúrsaíocht (sa Bhéarla) ba chóir é a Ghaelú:

- daoine ón ré chlasaiceach: *Poimpéas*, *Tráian*, *Platón*, *Arastatail*, *Hoiméar*, *Earcail*;
- daoine ón mBíobla, daoine móra sa stair, san Eaglais, sna healaíona: *Iósaf*, *Hearód*, *Pointias Píoláit*, *an Pápa Eoin Pól*;
- I gcás ainmneacha dílse a traslitríodh go Béarla ó aibítir seachas an aibítir Rómhánach, m.sh., ón Rúisis, ón Arabais, ón tSínis, ón tSeapáinis, etc., moltar cloí leis an leagan is údarásáí sa Bhéarla, ar mhaithle le soiléire: *Tchaikovsky*, *Gorbachev*, *Mao Zedong*, *an tImpire Akihito*, *Osama bin Laden*;

<sup>16</sup> Sampla maith de seo is ea na hainmneacha dílse ón mBíobla – féach *Ainmneacha Dílse an Nua-Thiomna (An Gúm, 2007)*, áit a ndearnadh leaganacha éagsúla de na hainmneacha a bhaliú, leagan amháin a roghnú de réir córais agus crostagairtí a chur idir iad agus na leaganacha breise.

- Má bhaineann an duine cáiliúil le téar Bhéarla agus go n-aithnítear go hidirnáisiúnta é as ainm agus sloinne Béarla, ba chóir cloí leis an leagan sin: *Tony Blair, Gordon Brown, Bill Clinton.*

6.1.1.4 Ní Ghaelaítear ainmneacha iasachta nár Béarlaíodh – fágtaí sa bhunteanga iad: *Pompidou, Berlusconi, Bismarck, Pavarotti, Tycho Brahe*

- Ní dhéantar aon infhilleadh ar ainmneacha ná ar shloinnte iasachta ná aon għramadach a luu leo sa Ghaeilge: *ag trácht ar Pompidou, tagairt do Berlusconi, glór Pavarotti.*

### 6.1.2 Logainmneacha iasachta

- 6.1.2.1 Glactar le hainmneacha atá seánbhunaithe go stáiriúil sa Ghaeilge - tíortha, cathracha, gnéithe aiceanta: *An Éigipt, An Spáinn, Londain, Páras, An Níl, Muir nlocht, Muir na Gaillíe, Abhainn na hIordáine;*
- 6.1.2.2 Ainmneacha treibheanna, teangacha, scripteanna, náisiúnach agus aidiachtaí a eascraíonn astu a bhí seánbhunaithe sa Ghaeilge, glactar leo: *Sacsain, Béarla, Sasannach, an Bhreatain, Meiriceánach, Francach, an Fhraincis, Giúdaigh<sup>17</sup>, an Róimh, Rómhánach, Gréagach, Eabhrach;*
- 6.1.2.3 Gaelaítear ainmneacha tíortha neamhspleácha ar fud an domhain, príomhchathracha na hEorpa agus gnéithe aiceanta tábhachtacha, agus glactar le leaganacha údarásacha Gaelaithe atá ar fáil cheana (m.sh., in atlais scoile): *An tSiria, Réicivic, na Himiléithe, an Danóib, an Amasón, na hAindéis, Rinn an Dóchais, na hOileán Chanáracha;*
- Sa chás go mbíonn níos mó ná leagan amháin ofífigíúil de logainm in úsáid ag muintir na háite, Gaelaítear an dá leagan: *An Niocóis / An Leavcóis<sup>18</sup>;*
- 6.1.2.4 Tugtar logainmneacha sna tíortha Ceilteacha sna teangacha sin (Gàidhlig na hAlban, Breatnais, Briotáinis, Manannais, Coirnis) más in iad na leaganacha atá in úsáid ag muintir na háite: *An tEilean Sgiathanach, Caerdydd, Roazhon, Baile Chaistil, Pen Sans;*
- 6.1.2.5 De ghrá na praiticiúlachta, glactar le foirm na bunteanga nó leagan Béarlaíthe di i gcás gach logainm eile de réir mar a thugtar in *Times Atlas of the World*, ní dhéantar aon infhilleadh uirthi agus úsáidtear an leagan in den réamhfocal i rompu: *in Birmingham, an Mississipi, an Red River, an Arkansas (abhainn);*
- 6.1.2.6 Gaelaítear ainmneacha treibheanna, teangacha, scripteanna, náisiúnach agus aidiachtaí a eascraíonn astu is cuma ar Gaelaíodh ainm na háite lena mbaineann siad nó nár Gaelaíodh: *Vaileinsis (teanga) ach Valencia (réigiún, cathair), Navachóch, Navachóis, Craioch, Craís, Hóipeach, Hóipis, Colómach, Núibiach, Oiséatach, Singeapórach, Slavach, Tongach, Vallúnach, Séalannach.*

### 6.1.3 Ainmneacha gluaiseachtaí

- 6.1.3.1 Glactar le leaganacha seánbhunaithe sa Ghaeilge d'ainmneacha gluaiseachtaí stáiriúla, polaitiúla, ealaíne agus litríochta, fealsúnachta agus smaointeoireachta, ach iad a bheith litrithe go caighdeánach: *na Fíníni, saoirse na mban, Éire Óg, Cearta Sibhialta na Gaeltachta;*
- 6.1.3.2 Gaelaítear ainmneacha gluaiseachtaí (mar a sainíodh thuas) mura bhfuil leagan Gaelaithe ar fáil cheana féin: *Léig Iníonacha na Gearmáine, na Deireadh Fómhairigh Bheaga, na hEispriseanaithe, ciúbachas, Rómánsachas, an Eagnaíocht.*

### 6.1.4 Ainmneacha eagraíochtaí agus cuideachtaí

<sup>17</sup> Is mar 'lúdaigh' a tugadh isteach an iasachta ón Laidin, áfach – féach eDIL s.v. **Iúd(a)ei**.

<sup>18</sup> Príomhchathair na Cipire a bhfuil ainm Gréigise agus ainm Tuircise uirthi.

- 6.1.4.1 Glactar le leaganacha atá seanbhunaithe sa Ghaeilge: *Bord Soláthar an Leictreachais, An Post, Bord Gáis, Banc na hÉireann, na Náisiún Aontaithe, Léigiún Mhuire, Conradh na Talún, Cumann Lúthchleas Gael, Aer Rianta*;
- 6.1.4.2 Glactar le leaganacha Gaelaithe de chuideachtaí atá cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí: *Galf Corca Dhuibhne Cuideachta Phoiblí Theoranta, Bealach Scannán na hÉireann, An Bord Bainne (Exports) Limited, Comhlacht Bainistiochta Loch Altan Teoranta, Comhlacht Forbartha Bhaile Ghil Teoranta, Comhlacht Forbartha Chill Damhnait Teoranta*;
- 6.1.4.3 Is gnách go nGaelaítéar ainmneacha eagraíochtaí a bhíonn i mbéal an phobail in Éirinn<sup>19</sup>: *Na Samaratánaigh, Cumann na Croise Deirge, Briogáid Otharsheirbhísé Naomh Eoin in Éirinn, an tIonad Éigeandála um Éigniú, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Alcólaigh gan Ainm*;
- 6.1.4.4 I gcás ainmneacha idirnáisiúnta eile, cuirtear leagan Gaelaithe den ainm iomlán agus den ghiorrhúchán ar fáil, cé gur minic an giorrúchán idirnáisiúnta in úsáid: *an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán (ISO), Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO)*.

### **6.1.5 Teidil**

- 6.1.5.1 Glactar le leaganacha atá seanbhunaithe sa Ghaeilge de theidil pholaitiúla, eaglasta agus ghairmiúla, ach iad a bheith litrithe go caighdeánach: *an tUachtaráin, an Taoiseach, an Tánaiste, an Ceann Comhairle, an tArd-Aighne*;
- 6.1.5.2 Gaelaítéar teidil eile de réir córais: *Nuinteas an Phápa, an tArd-Raibí, an Ceann Foirne Cúnta, Ard-Mhéara Chorcaí*.

### **6.1.6 Giorrúchán**

Tá dhá cineál giorrúcháin ann, initialachais agus acrainmneacha. San initialachas, tugtar na chéad litreacha de mhíreanna i dtéarmaí comhshuite agus fuaimnítear iad litir ar litir, m.sh. AE, EU, BSL, UN, ESB, EBS, AIB, WHO, RnaG, TG4, CD, DVD, USB, IT, ID. I gcás acrainmneacha, tugtar na chéad litreacha de mhíreanna i dtéarma comhshuite ach fuaimnítear iad mar fhocail iontu féin, m.sh. AIDS, SEIF, UNESCO, CATT.

- 6.1.6.1 Glactar le giorrúcháin Ghaelaithe atá bunaithe: *BSL, RnaG, SEIF, CATT, OÉG, SAM, AE*;
- 6.1.6.2 Cuirtear giorrúcháin Ghaelaithe ar fáil, mura bhfuil siad ar fáil cheana, chomh maith leis an leagan Béarla agus fágtaí faoin úsáideoir roghnú eatarthu de réir comhthéacs: *UFT (IDA), UMB (ATM), TÉ (NI), T&F (R&D), CBFF (PMDS), AAE (EMU)*; Eisceacht is ea réimse na ríomhaireachta – moltar cloí leis na giorrúcháin Bhéarla sa mhéid is go mbaintear leas astu ar bhonn idirnáisiúnta: *CD, DVD, USB, IT, ID*;
- 6.1.6.3 I gcás giorrúchán Gaelaithe, ní chuirtear infhilleadh tosaigh ná ginidigh i bhfeidhm orthu, ach moltar an foirceann –(e)(a)nna a úsáid san uimhir iolra: *an AE, ar fud an AE, an CATT, ar TG4, CDanna, DVDanna*.

## **6.2 Téarmaí**

Pléifear anseo thíos leis na cineálacha éagsúla téarmaí a thagann faoi chaibidil in obair théarmeolaíochta agus leis na cineálacha cur chuige i leith cheapadh na dtéarmaí. Dhá chineál téarmaí, go príomha, a thagann i gceist:

- Téarmaí teicniúla a bhaineann le réimsí dúchais;

---

<sup>19</sup> Tá eisceachtaí ann, m.sh. *Concern, Amnesty International*.

- Téarmaí teicniúla a bhaineann le réimsí nua eolais nó réimsí nár pléadh leo mórán nó ar chor ar bith sa Ghaeilge go stairiúil.

### **6.2.1 Téarmaí teicniúla a bhaineann le ceirdeanna nó réimsí dúchais**

- 6.2.1.1 I gcás réimsí eolais atá ann i gcónaí sa Ghaeilge, nó a bhfuil teacht orthu i bhfoinsí litríochta nó béaloidis nó i bhfoinsí barantúla eile (foclóirí, taifeadadh raidió nó teilifise, amhráin), glactar leis an téarma dúchais ach a chinntíú go bhfreagraíonn sé go beacht don choincheap agus é a bheith litrithe go caighdeánach: *corr réisc, caoladóireacht, gleoiteog, ceapóg, ficheall, sliotar, camán*;
- 6.2.1.2 I gcás réimsí a bhfuil roinnt téarmaí dúchais ar fáil iontu, déantar téarmaí nach raibh fáil orthu i bhfoinse ar bith a cheapadh de réir na múnláid dúchais chomh fada agus is féidir, nó de réir an chórais thíos: *galar croí ón mbroinn, aeráid sléibhe, réalta den chéad mhéid, mí bhisigh, beach aonair, bó na nGarbhchríoch, bráca ladhrach, suth crúcach*.

### **6.2.2 Téarmaí teicniúla a bhaineann le coincheapa nua nó nár pléadh cheana sa Ghaeilge**

- 6.2.2.1 I gcás réimsí úrnua, déantar anailís ar thacar téarmaí de réir cineáil agus déileáiltear leo de réir ceann de na cineálacha cur chuige a moltar thíos: *ríomhairdeisce, ríomhaireglúine, ríomhairboise*;
- 6.2.2.2 Téarmaí teicniúla nár pléadh leo go stairiúil sa Ghaeilge, agus a bhíonn bunaithe go hidirnáisiúnta ar fhréamhacha Laidine nó Gréigise, déantar iad a cheapadh de réir na rialacha traslitrithe a leagtar amach thíos: *hidrigin, ocsaigin, méadar, cileagram, soicind*.

### **6.2.3 Cineálacha cur chuige**

- 6.2.3.1 Focail dúchais – glactar leo ach iad a bheith ag freagairt go beacht don choincheap: *breitheamh, ollamh, adhmadóireacht, mac léinn, tacailocht, aibhsigh, aicme, cur síos, cur i láthair*;
- 6.2.3.2 Míreanna dúchais – baintear leas astu de réir mar a fheileann: *comhchlaonas, treolus, cothromóid, mórchróch, ollmhargadh, méarchlár, tréidlia, tréadchúram*;
- 6.2.3.3 Leathnú brí ar fhocail nó ar mhíreanna dúchais: *amas<sup>20</sup>* (Ríomhairreacht), *ascain<sup>21</sup>* (Ceimic, Fisic, Ríomhairreacht), *beochan* (Scannánaíocht), *boilsciú* (Airgeadas), *brionnú* (Dlí), *frestalaí* (Ríomhairreacht), *réalta phléascach* (Réalteolaíocht), *ríomhair* (Ríomhairreacht), *rochtain<sup>22</sup>* (Ríomhairreacht, Oideachas), *tomhaltóir<sup>23</sup>* (Eacnamaíocht);
- 6.2.3.4 Ainmfhocal, aidiacht nó briathar a cheapadh bunaithe ar fhocal nó ar mhír dhúchais: *alaghraf<sup>24</sup>, grianghraf, físeán, eitleán, rothar, cuisneoir, suiteáil, cineálach, ilteangach, straoiseog<sup>25</sup>, áscaigh<sup>26</sup>*;
- 6.2.3.5 Má tá níos mó na leagan amháin dúchais a fhreagraíonn don choincheap ar fáil, déantar an ceann is coitianta agus/nó is soiléire a roghnú ach é a bheith litrithe go caighdeánach. Ar mhaith le saibhreas na hoidhreachta a chaomhnú, tugtar leaganacha

<sup>20</sup> Na bríonna ‘attack; aim’ luaite leis in FGB, in úsáid anseo ar ‘hit’ ar shuíomh Gréasáin.

<sup>21</sup> Na bríonna ‘move to, proceed towards, journey to’ luaite leis in FGB, in úsáid anseo ar ‘migrate’ i réimsí na Ceimice (i gcás adamh), na Fisice (i gcás ian) agus na Ríomhairreachta (i gcás sonraí).

<sup>22</sup> Focal ársa, ainm briathartha ó ‘roichid’ (ro-saig) na Meán-Ghaeilge leis an mbrí ‘reaching, arriving at’, in úsáid anseo ar ‘access’ i gcomhthéacs na ríomhairreachta agus an oideachais.

<sup>23</sup> Ón mbríathar Sean-Ghaeilge ‘do-meil’ (spends, consumes, uses up).

<sup>24</sup> Ar an gcoincheap ‘snapshot’ sa ríomhairreacht, ó *ala-* + *graf*.

<sup>25</sup> Ar an gcoincheap ‘smiley, emoticon’ sa ríomhairreacht, ó *straois* + *-eog*.

<sup>26</sup> Ar an gcoincheap ‘instantiate’ sa ríomhairreacht, ó *ásc* + *-aigh* (cf. FGB: ar an gcéad *ásc*).

malartacha d'ainmneacha sa dúlra ar speicis eolaíochta (idir lúibíní in *Ainmneacha Plandaí agus Ainmhíthe* nó faoin lipéad *in úsáid* sa Bhunachar Náisiúnta Téarmaíochta). Luaitear *in úsáid* freisin le téarmaí ar léir iad a bheith tagtha chun cinn sa chaint bheo ón am a cláraíodh an buntéarma: *sionnach (madra rua)*, *madra uisce (dobharchú, dobhrán, cú dobhráin)*, *corr réisc (corr għlas, corr mhóna, corr riasc, Máire fhada, Síle na bportach)*, *méaróg chuimhne (cipín cuimhne, maide cuimhne)*;

6.2.3.6 Sa chás go mbíonn leaganacha gnáthúsáide in úsáid ar choinchéap teicniúil, cuirtear an lipéad *gnáthúsáid* nó *gnáthchaint* leis na leaganacha sin: *fliú na muc, fliú na n-éan, galar na bó buile, galar na mbó*;

6.2.3.7 Téarmaí breise atá gaolmhar nó comhchosúil le cinn atá ar fáil cheana i réimse eolais, déantar iad a cheapadh ar aon dul leis na múnláí bunaithe: *snag brea gormghlas, sionnach liath Airgintíneach, dobhrán neamhingneach Chamarún*.

#### 6.2.3.8 Meafair

- (a) Maidir le meafair Bhéarla (nó i dteangacha eile) baintear leas as meafar dúchais nó baintear leas meafarach as focal dúchais a thugann an bhrí chéanna ó thaobh an choinchéapa de seachas ó thaobh bhří na bhfocal de: *turscar (Ríomhairescht: spam), fódóireacht (Ríomhairescht: housekeeping), straoiseog (Ríomhairescht: smiley, emoticon), bottleneck (scroig), gráinseach (Eacnamaíocht: breadbasket)*;
- (b) Mura bhfuil teacht ar aon mheafar dúchais a bhaineann le hábhar, moltar imeacht ón meafar ar fad agus téarma a cheapadh bunaithe ar bhří an choinchéapa: *láithreán úrnua (greenfield site), láithreán athfhorbraíochta (brownfield site), cóimheas fiorthástála (acid-test ratio), carnadh mairteola (beef mountain), sáraitheoir stailce (blackleg)*;
- (c) Má mheastar gur gó an meafar a aistriú go Gaeilge ar mhaithe le trédhearcacht, déantar é sin i roinnt cásanna, nó tugtar leid den mheafar sa téarma Gaeilge: *leitís oigheargheal (iceberg lettuce), leathanach baile (Ríomhairescht: home page); teoiric an bholgáin (Airgeadas: bubble theory)*.

#### 6.2.3.9 Téarmaí ar focail iad i dteanga iasachta seachas an Béarla

- (a) I gcás téarma iasachta ó aibítir eile a bhfuil leagan coitianta traslitrithe de ar fáil sa Bhéarla, moltar an leagan sin a úsáid: *sputnik, haiku*;
  - Ní chuirtear aon infhilleadh tosaigh nó ginidigh ar théarmaí mar seo, agus ní bhíonn aon insce acu. Más gó iad a chur san iolra, moltar –s a chur leo, agus má bhíonn aidiacht ag gabháil leo san iolra, moltar an fhoirm fhirinsneach den aidiacht a úsáid: *na sputniks móra, na haikus Seapánacha*. Baintear leas as an gcló iodálach anseo leis na téarmaí a léiriú ach ní mholtar cló iodálach a úsáid i gcoitinne ar fhocail a tugadh isteach sa teanga mar iasachtaí agus nár Gaelaíd.
- (b) I gcás sainréimsí áirithe cultúir, is nós na téarmaí ar focail iasachta iad a fhágáil gan athrú, m.sh., téarmaí bia agus cócaireachta ón bhFraincis, téarmaí ealaíne nó ceoil ón Iodáilis, agus roinnt téarmaí fealsúnachta ón nGearmáinis: *andante, intaglio, sfumato, croissant, brioche, crème brûlée, anlann hollandaise, Weltanschauung*;
  - Ní chuirtear aon infhilleadh tosaigh nó ginidigh ar théarmaí mar seo, agus ní bhíonn aon insce leo. Más gó iad a chur san iolra, moltar –s a chur leo, agus má bhíonn aidiacht ag gabháil leo san iolra, moltar an fhoirm fhirinsneach den aidiacht a úsáid: *na croissants móra, na brioches milse, na crèmes brûlées blasta*. Baintear leas as an gcló iodálach anseo leis na téarmaí a léiriú ach ní

- mholtar cló iodálach a úsáid i gcoitinne ar fhocail a tugadh isteach sa teanga mar iasachtaí agus nár Gaelaíodh.
- (c) Má mheastar go bhfuil téarma ar focal iasachta é bunaithe sa teanga ar feadh i bhfad, áfach, agus á rá mar fhocal Gaeilge, déantar é a thraslitriú (de réir 7 thíos): criospaí, píotsa.

6.2.3.10 Téarmaí cineálacha bunaithe ar thrádainmneacha a fhaigheann greim sa Ghaeilge, déantar iad a thraslitriú (de réir 7 thíos): *húvar*, *húvráil*.

### 6.3 Frásai

xxxx

## 7 Rialacha Traslitrithe

Ós tríd an mBéarla a thagann formhór mór téarmaí nua chugainn, is san aibítir Rómhánach a bhíonn siad agus is minic fréamhacha Laidine nó Gréigise acu, go háirithe ag téarmaí eolaíocha.

Déantar focail mar seo a Ghaelú céim ar chéim de réir an tsanais a léirítear dóibh in *Webster's Third International Dictionary of the English Language* (1986, 2002). Mura bhfuil an téarma Béarla ar fáil ansin, is fiú é a chuardach ar shuíomh [www.onelook.com](http://www.onelook.com), foinse a bhfuil os cionn míle foclóir Béarla agus gluais téarmaíochta bailithe inti. Moltar *American Heritage Dictionary of the English Language* ar mhaithe le sainmhínithe agus sanasaíocht, agus moltar *Dictionary.com* ar mhaithe le sanasaíocht agus foghraíocht agus ar mhaithe le háiseanna ciclipéide, stórchiste agus aistriúcháin. I gcás ceimiceáin, mura bhfuil sé le fáil sna foinsí thuasluaithe, moltar an t-ainm IUPAC a lorg ar [www.chemindustry.com](http://www.chemindustry.com) – is é an t-ainm IUPAC an t-ainm is údarásáí agus is minic a thugann sé leid de na míreanna brí sa téarma Béarla.

### 7.1 Míreanna an fhocail iasachta

Bristear an focal iasachta ina bhunmhíreanna de réir an tsanais i bhfoclóir Webster:

*phenyl: phen- + -yl*

*phenylene: phen- + -yl + ene*

*phenylmethylamine: phenyl- + methyl- + -amine*

*phenol: phen- + -ol*

Déantar na míreanna iasachta a sheiceáil ó thaobh na sanasaíchta agus ó thaobh na foghraíochta de, go háirithe ó thaobh fhad nó ghiorracht na ngutaí de. Ansin déantar gach mír a Ghaelú go neamhspleách i dtosach agus déantar iad a cheangal le chéile ina dhiaidh sin.

Tagann mórchuid foirceann eolaíoch chun cinn arís agus arís eile agus tugtar liosta de na cinn is coitianta i Liosta C thíos.

### 7.2 Comhfhereagairt na gconsan

I dtosach báire, ba ghá a shainiú cén chomhfhereagairt a bhí idir na consain i bhfocail iasachta san aibítir Rómhánach agus consain na Gaeilge, agus rinneadh coigeartú ar an gcomhfhereagairt sin in amanna.

Cé go mbíonn formhór na gconsan sa téarma iasachta móran mar an gcéanna sa Ghaeilge, tá roinnt eisceachtaí ann agus tugtar liosta ionlán díobh anseo thíos. Tá deacracht ar leith ag baint leis an litir 'j', litir nach raibh sa Ghaeilge go stairiúil agus ar tugadh faoina thraslitríú ar bhealaí éagsúla.

Caitheadh leis mar ghuta i bhfocail áirithe agus mar chonsan i bhfocail eile. Seo roinnt samplaí: aidiacht (adjective), aidiúnach (adjutant), gearbú (jerboa), Giúdach (Jew), giúiré (jury), giúistís (judiciary), giúl (joule), giústáil (joust), Iamáice (Jamaica), láva (Java), Íosánach (Jesuit), iubhaile (jubilee), Iúdás (Judas), Iúil (July), iaguar (jaguar), Iúpatar (Jupiter), Iúrasach (Jurassic), jab (job), jacaí (jockey), jib (jib), jíp (jeep), júdó (judo), oibiacht (object), seaicéad (jacket), sealap (jalap), Seapánach (Japanese), seasmain (jasmine), siúinéir (joiner), siúít (jute).

Nua-Laidin (Béarla)
b
c
ch
ct

Gaeilge
b
c
c
ct/cht <sup>27</sup>

<sup>27</sup> Déantar *-cht* de *-ct* leathan (bíodh an *c* agus an *t* sa mhír chéanna nó ná bíodh) ach amháin sa ghrúpa *-nct-*: duct ⇔ duct, plankton ⇔ planctón

d	d
f	f
g	g
h	h
j	i, g, j, s
l	l
ll	ll
m	m
mm	m
n	n
nn	nn
p	p
ph	f
phth	t
pp	p
pph	f
ps-	s-
pt-	t-
-ps-	-ps-
-pt-	-pt-
q	c
r	r
rh	r
rr	rr
rrh	rr
s	s
ss	s
t	t
th	t
v	v
x-	x-
-x-	-cs-
z	s/z/zó-
-z-	-s/-ts/-z- <sup>28</sup>

### 7.3.3 Comhfhreagairt na nGutaí

Bíonn comhfhreagairt na ngutaí níos casta ar chuíseanna éagsúla. Ar an gcéad dul síos, tá i bhfad níos mó difríochtaí idir teaglaim ghutaí i dteangacha eile agus teaglaim ghutaí na Gaeilge. Ansin,ní mór cuimhneamh go mbíonn gutaí caol nó leathan, agus fada nó gearr. Léirítear fad na ngutaí sa Ghaeilge leis an síneadh fada, rud nach ndéantar i ngach teanga eile agus is gá an cháilíocht sin a fhiosrú san fhocal iasachta tríd an bhfoghraíocht a sheiceáil. Imríonn gutaí na Gaeilge tionchar ar a chéile ó shiolla go siolla, bídís caol nó leathan. Ní hamháin sin ach imríonn siad tionchar ar chaoile agus leithead na gconsan eatarthu. Thairis sin, tagann cúrsaí béime i gceist, rud a imríonn ar cháilíocht na ngutaí ag brath ar cén siolla san fhocal ina bhfaightear iad.

---

<sup>28</sup> Má tá dhá leagan Béarla ar fáil: -azide, -aside

Pléifear i dtosach anseo le gutaí an chéad siolla, áit a dtíteann an bhéim go minic sa Ghaeilge agus i dteangacha eile.

### 7.3.3.1 Gutáí an chéad siolla

(i) Gutáí a ndéantar **guta leathan** díobh sa Ghaeilge:

<i>Nua-Laidin (Béarla)</i>	<i>Gaeilge</i>
a	a
ae	ae
ao	ao
au	á
o	o/ó <sup>29</sup>
oa	ó
oi	ó
oo (zoo)	ó
oo (oo-)	ú
ou	ú
u	u/ú <sup>30</sup>
ua	ua
ue	ú
ui	ú
uo	ua
uu	ú

Más gá gutáí Gaeilge a chaolú roimh ghuta an dara siolla, cuirtear *-i* leo mar seo:

*a* ⇒ *ai*, *á* ⇒ *ái*, *ae* ⇒ *aei*, *ao* ⇒ *aoi*, *o* ⇒ *oi*, *ó* ⇒ *ói*, *u* ⇒ *ui*, *ú* ⇒ *úi*, *ua* ⇒ *uai*.

(ii) Gutáí a ndéantar **guta caol** díobh sa Ghaeilge:

<i>Nua-Laidin (Béarla)</i>	<i>Gaeilge</i>
e	ei/éi <sup>31</sup>
ee	í
ei	ei
i	i/i <sup>32</sup>
ie	iai
y	i/i <sup>33</sup>
ye	iai
yi	i

Más gá gutáí Gaeilge a leathnú roimh ghuta an dara siolla, déantar mar seo é:

*ei* ⇒ *ea*, *éi* ⇒ *ea*, *i* ⇒ *io*, *í* ⇒ *io*, *iai* ⇒ *ia*.

(iii) Péirí a ndéantar **guta caol + guta leathan** sa leagan Gaeilge díobh:

<i>Nua-Laidin (Béarla)</i>	<i>Gaeilge</i>
----------------------------	----------------

<sup>29</sup> Ag brath ar fhad nó ghiorracht an ghuta sa teanga eile.

<sup>30</sup> Ag brath ar fhad nó ghiorracht an ghuta sa teanga eile.

<sup>31</sup> Ag brath ar fhad nó ghiorracht an ghuta sa teanga eile.

<sup>32</sup> Ag brath ar fhad nó ghiorracht an ghuta sa teanga eile.

<sup>33</sup> Ag brath ar fhad nó ghiorracht an ghuta sa teanga eile.

ai	éa
ea	éa
eo	eo
eu	eo
ia	ia
io	ia
iu	iú
oe	éa
ya	ia
yo	ió
yu	iú

Más gá iad seo a chaolú roimh ghuta an dara siolla, déantar mar seo é:

*éa* ⇒ *éi*, *eo* ⇒ *eoi*, *ia* ⇒ *iai*, *íó* ⇒ *iói*, *íú* ⇒ *iúi*, *íú* ⇒ *íúi*.

#### 7.3.3.2 Guta an dara (tríú, ceathrú, etc.) siolla i mír:

- guta gairid sa bhunteanga
  - ag brath ar an gconsan roimhe
 

Más consan leathan é, G2 = a

    - *manganáis* (manganese), *urtacáire* (urticaria), *nóbailiam* (nobelium), *ceallaolós* (cellulose), *malacít* (malachite), *sapainin* (saponin)
- Más consan caol é, G2 = i
  - *nítriginíu* (nitrification), *peircintíl* (percentile), *ceirisín* (kerosine), *seireatoinin* (serotonin), *seailic* (shellac), *tíreatrón* (thyratron)
- défhoghair sa bhunteanga
  - athraíonn *ae(o)*, *e(o)* agus *oi(o)* go é(a) nó é(i)
 

*hipirglicéime* (hyperglycaemia), *coiléaptar* (coleopter), *meitéaragraf* (meteorograph), *míméagraf* (mimeograph), *oistéablast* (osteoblast)
- guta fada sa bhunteanga
  - athraíonn siad go á, ó, ú, é nó í sa Ghaeilge
 

*ailbéideacht* (albedo), *alúmana* (alumina), *amónia* (ammonia), *posatróiniam* (positronium), *pirhéiliméadar* (pyrheliometer), *tolúidéin* (toluidene), *báicsít* (bauxite)
- guta ceangail
 

Más guta ceangail atá sa dara siolla sa téarma iasachta, is guta ceangail a bheidh sa téarma Gaeilge. Is iomaí réimír iasachta a chríochnaíonn ar ghuta ceangail : hydro-, hypo-, meta-, oxy-, mega- agus léirítear iad seo mar ‘combining form’ i bhfoclóirí Béarla. Beidh an guta ceangail Gaeilge ag brath ar leithead nó caoile na gconsan roimhe agus ina dhiaidh:

  - -a-, -ai-, -i-, -ea-
 

*radiocarbon* ⇒ *radacarbón*  
*neutropenic* ⇒ *neodraipéineach*  
*hydrogen* ⇒ *hidrigin*  
*hydrocortisone* ⇒ *hidreacortasón*  
*isomer* ⇒ *isiméisir*

Nóta: Áirítéar –io- agus -yo- mar ghutaí ceangail nuair nach sa chéad siolla atá siad.

- **Fad na nGutaí**

Coinnítear slán fad nó giorracht ghuta na bunteanga i gcás na bpéirí seo:

ei *nó* éi

i *nó* í

o *nó* ó

u *nó* ú

Má tá sé fada sa bhunteanga, beidh sé fada i nGaeilge; má tá sé gearr sa bhunteanga, beidh sé gearr i nGaeilge.

- **Cáilíocht na ngutaí**

Is gó a mheas an gó na gutaí a leathnú nó a chaolú de réir na rialacha seo:

G1 (Guta a haon) – de réir an liosta thusa ag 7.3.3

G2 (Guta a dó)

(i) Guta gairid - ag brath ar C2

(ie. más leathan do C2, a a bheidh in G2, más caol dó, i)

(ii) Guta fada - á, ó, ú, é, í

G3 (Guta a trí)

(i) Guta gairid - ag brath ar C3

(ie. más leathan do C3, a a bheidh in G3, más caol dó, i)

(ii) Guta fada - á, ó, ú, é, í

Guta ceangail

Más guta ceangail atá sa dara siolla, beidh sé ag brath ar leithead nó caoile na gconsan roimhe agus ina dhiaidh:

-a-, -ai-, -i-, -ea-

## 7.4 Deirí

Coinnítear deirí aitheanta slán de réir Liostaí C nó D thíos.

## 7.5 Comhcheangal na míreanna

Nuir a bhíonn na míreanna aonair go léir traslitrithe déantar iad a chomhcheangal. Uaireanta is gó coigeartú a dhéanamh ag an bpointe sin má thagann cúinsí áirithe chun cinn.

mír 1 (+ guta ceangail) + mír 2 (+ guta ceangail) + mír 3, etc. + deireadh

### 7.5.1 An dara mír ag tosú ar ghuta

Nuir a thosaíonn an dara mír **le guta**, an consan (nó an grúpa consan) a thagann go díreach roimhe a leathnú nó a chaolú de réir an ghuta sin (agus cáilíochtaí na coda a fhágáil slán),

eg. (i) eilimint aonsiollach an chéad mhír: hidrít, hidráit

(ii) eilimint dhéshiollach an chéad mhír: pireadocsal, piridín; partanáit, partainít

Nóta: Déantar eisceacht den rial seo má mheastar go mbeadh an chéad mhír ó aithint dá barr, m.sh. teile-oibriú, homa-earótach (in ionad ‘tealoibriú’ nó ‘hoimearótach’).

### 7.5.2 An mhír dheiridh ag tosú ar chonsan

Nuir a thosaíonn an mhír dheiridh **le consan** (agus go bhfuil guta ceangail ann), an chéad mhír agus an deireadh a choinneáil slán de réir rialacha 2 agus 3, agus an guta ceangail oiriúnach a úsáid.

eg. (i) aonsiollaigh: radagraf, radaiteiriipe; fiseagraf, fisiteiriipe; fleibeatóime

(ii) déshiollaigh: partanacarpach, partanaigéineach; pirideamorfach, piridigéineach

## 7.6 Traslitriú agus an séimhiú

Ní chuirtear gnáthrialacha na Gaeilge maidir leis an séimhiú i bhfeidhm ar fhocal iasachta a thraslitritear ó thús go deireadh (m.sh., *antaiseipteach*) ach más mir Ghaeilge ceann de na míreanna, bíodh sí i dtús an fhocail nó ina lár (**frithsheipteach**, **antaithéachtach**), cuirtear an séimhiú i bhfeidhm de réir ghnáthrialacha na teanga:

*ceintiméadar, ciliméadar* ach **trímhéadar**  
*bícéips* ach **tríchéips**

## 7.7 Fleiscíniú

Ar an ngnáthbhealach, baintear leas as fleiscín idir dhá réimír i bhfocal Gaeilge:

*frith-chuanfa, oll-ardchlár, il-dronnchlaonas*

Má tá dhá chuíis ann le fleiscín a chur i bhfeidhm, déantar amhlaidh:

*frith-bhaoth-thonnán, iar-shil-leaganach*

Ní thagann gnáthrialacha na Gaeilge i dtaca leis an bhfleiscín i gceist i bhfocail thraslitrithe, áfach, mar ní fhéachtar ar na míreanna mar ghnáthmhíreanna Ghaeilge, agus déantar an focal a thraslitriú ó thús deireadh gan aon fhleiscín:

*ocsahaemaglóibin, pirhéliméadar, radagónaiméadar*

Nuir is réimír thraslitrithe ceann amháin de na réimíreanna i gcomhfocal ina bhfuil dhá réimír nó níos mó, ní bhaintear leas as an bhfleiscín:

*pailéibhitheolaíocht, pailéadhomhanleithead*

ach amháin idir mír dar críoch guta agus mír eile dar túis guta:

*pailé-antraipeolaíocht*

### 7.2.1 Tacar samplaí

Aithnítear na consain i dtosach agus déantar iad a thrascróbh go Gaeilge (de réir an liosta thuas):

**phenyl:** ph n l ⇒ f n l

**phenylene:** ph n l n ⇒ f n l n

**phenylamine:** ph n l m n ⇒ f n l m n

**phenylethene:** ph n l th n ⇒ f n l t n

**phenylmethamphetamine:** ph n l m th l m n ⇒ f n l m t l m n

**phenol:** ph n l ⇒ f n l

**phenolphthalein:** ph n l phth l n ⇒ f n l t l n

Bíonn consan nó carn consan leathan nó caol sa Ghaeilge de réir cháilíocht an ghuta is gaire dó.

C1 (Consan a haon): ag brath ar ghuta Gaelaithe 1.

**fei-**    f- caol

C2 (Consan/carn consan a dó): ag brath ar ghuta Gaelaithe 1<sup>34</sup> mura guta fada é guta

Gaelaithe 2, nó mura bhfuil guta leathan i dtús mhír a dó:

**feinil**        *n caol*

**feanól**        *n leathan*

<sup>34</sup> Má tá guta fada sa dara siolla socraitear cáilíocht C2 (agus cáilíocht an ghuta roimhe) de réir ghuta Gaelaithe 2 eg. feanól, hóiméamorfach, próitén.

**feanantrailín** *n leathan*

C3 (Consan/carn consan a trí): ag brath ar ghuta Gaelaithe 2 mura guta fada é guta Gaelaithe 3, nó mura bhfuil guta leathan i dtús mhír a trí:

feiniléin *-l- caol*

feiniolaimín *-l- leathan*

feiniolpróipéanóch *-l- leathan*

C4 (Consan/carn consan a ceathair): ag brath ar ghuta Gaelaithe 3 mura guta fada é guta Gaelaithe 4, nó mura bhfuil guta leathan i dtús mhír a ceathair:

feinileitén *-t- caol*

feinileatánón *-t- leathan*

C5 (Consan/carn consan a cúig): ag brath ar ghuta Gaelaithe 4 mura guta fada é guta Gaelaithe 5, nó mura bhfuil guta leathan i dtús mhír a cúig:

feiniolaimín

feinilmeitiol-

feinilmeitiolaimín

7.2.1.1 Áirítear *-rr-* a bheith leathan i gcónaí agus leathnaítear an guta roimhe.

7.2.1.2 Ní chaolaítear

(i) an grúpa {o nó u gairid leathan + -cs-}

(ii) an grúpa {a/á, o/ó, u/ú + cht}.

7.2.1.3 Ní leathnaítear

(i) an grúpa *-eict-*;

(ii) an grúpa *cuin-* (m.sh. quinol ⇒ cuineol).

7.2.1.4 Leathnaítear *-é-* ⇒ *-éa-* roimh *rd*, *rt*, *rn*, *rl*, *rs* sa dara siolla.

7.2.1.5 Tá roinnt focal aonair ann atá eisceachtúil de bharr a bhfoghraíochta sa Bhéarla, agus déileáiltear ar bhealach ar leith leo, m.sh., *sioráf*, *simpeansaí*, *jacaí*, *zú*

Aguisín x: Téarmaí samplacha

Téarma eolaíochta	Míreanna Gréigise	Míreanna Gaeilge	Téarma Gaeilge
phen-	<i>phen- /pheno-</i>	fein-, fean-	
phenyl	<i>phen- + -yl</i>	fein- + -il	feinil
phenylene	<i>phenyl- + -ene</i>	feinil- + -éin	feiniléin
phenylenediamine	<i>phenylene- + diamine</i> <i>diamine &lt; di- + amine</i>	feiniléin + dé- aimín dé- + -aimín	feiniléindé-aimín
phenylethanamide	<i>phenyl- + ethanamide</i> <i>ethanamide &lt; ethan- + -amide</i>	feinil- + - eatánaimíd eatán- + -aimíd	feinileatánaimíd
phenylethanone	<i>phenyl- + ethanone</i> <i>ethanone &lt; ethan- + -one</i>	feinil- + eatánón	feinileatánón
phenylethene	<i>phenyl- + ethene</i>	feinil- + -eitéin	feinileitén
phenylamine	<i>phenyl- + amine</i>	feinil- + aimín	feiniolaimín
phenylazobenzene	<i>phenyl- + azobenzene</i> <i>azobenzene &lt; az- + -benzene</i>	feinil- + asó- + beinséin	feiniolasóibeinséin
phenylhydrazine	<i>phenyl- + hydrazine</i> <i>hydrazine &lt; hydr- + az- + -ine</i>	feinil- + hiodraisín	feinilhiodraisín
3-phenylpropenoic acid	<i>phenyl- + propenoic</i> <i>propenoic &lt; propene + -oic</i>	feinil- + próipéin- + óch	feiniolpróipéanóch
phenylmethylamine	<i>phenyl- + methyl- + amine</i>	feinil- + meitil- + aimín	feinilmeitiolaimín
phenanthroline	<i>phenanthr- + -oline</i> <i>phenanthr-</i>	feanantr- + cuineoilín	feanantrailín

	/phenanthro- /phenanthra- <i>quin-</i> + <i>-ol</i> + <i>-ine</i>	feanantr(a)/(ai)- cuin- + -eoilín	
phenol	<i>phen-</i> + <i>-ol</i>	fean- + -ól	feanól
phenolphthalein	<i>phenol-</i> + <i>-phthalein</i> <i>phthalein</i> < <i>phthal-</i> + <i>-ein</i>	feanól- + tailéin < tal- + -éin	feanóltailéin

## LIOSTA C: Deirí Caola

<i>Béarla (Nua-Laidin)</i>	<i>Gaeilge</i>
-dyne	-dín
-ele	-éil
-ein	-éin
-ene	-éin
-eole (díspeagadh)	-ín
-eolus (díspeagadh)	-ín
-ere	-éir
-ex ( <i>Science</i> ) ( <i>Literature</i> )	-éis -éacs
-gen	-gin
-genate	-gionáit
-genesis	-gineaas
-genetic	-giniteach
-genic	
(i) ( <i>producing, formed from</i> )	-gineach
(ii) ( <i>of gene</i> )	-géineach
-genous	-giniúil
-geny	-gineacht
-gynic	-góineach
-gynous	-góiniúil
-ia	-ia
-asis	-iáis
-id	-id
-ide	-íd
-idium	-idiám
-ime	-ím
-imide	-imíd
-in	-in
-ine	-ín
-iole (díspeagadh)	-ín
-ion (díspeagadh)	-ín
-ion	-ian
-ise	-ís
-ite	-ít
-itis	-íteas
-ium	-iam
-lemma	-leime
-lith	-lit
-mer	-méir
-mere	-mír
-meric	
(i) ( <i>Biol.</i> )	-míreach
(ii) ( <i>Chem.</i> )	-méireach
-merism	
(i) ( <i>Biol.</i> )	-míreacht
(ii) ( <i>Chem.</i> )	-méireacht
-phil(e)	-fil
-phila	-file

-philia	-filia
-philiac	-filíach
-philic	-fileach
-philous	-fileach
-phily	-fileacht
-phyll	-fill
-valence	-fiús
-valent	-fiúsach
-yl	-il
-ylate	-ioláit
-yne	-ín
-yte	-ít
-ule (díspeagadh)	-ín

#### LIOSTA D: Deirí Leathana

##### Béarla (*Nua-Laidin*)

-al (*Chem.*)  
 -amide  
 -amine  
 -ane  
 -ase  
 -ate  
 -blast  
 -form  
 -lysis  
 -lytic  
 -ode  
 -oid  
 -ol  
 -ole  
 -oma  
 -on/-one/-oon  
 -ose  
 -osis  
 -stema  
 -tomy  
 -trophy  
 -tropy  
 -ulose  
 -plast  
 -plastin  
 -

##### Gaeilge

-al  
 -aimíd  
 -aimín  
 -án  
 -áis  
 -áit  
 -blast  
 -form  
 -(a)lú  
(Eisceacht: anailís)  
 -laíoch  
 -óid  
 -óideach  
 -ól  
 -ól  
 -ómá  
 -ón  
 -ós  
 -óis  
 -stéama  
 -tóime  
 -trófacht  
 -trópacht  
 -alós  
 -plast  
 -plaistin  
 -as